# Comórtas Peile na Gaeltachta

## Ros Muc

## 29 Bealtaine – 1 Meitheamh 2009

€5






Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

***Guíonn Údarás na Gaeltachta gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2009 – Ros Muc***

Na Forbacha
**Co. na Gaillimhe**
Teil: (091) 503100
Facs: (091) 503101

e: eolas@udaras.ie | w: www.udaras.ie

Údarás na Gaeltachta




# Clár


Fáilte ó Chathaoirleach Cumann Peile na bPiarsaigh Róisín Uí Shúilleabháin ........... 3
Teachtaireacht an tUachtarán CLG Criostóir Ó Cuana ........... 7
Teachtaireacht ó Chathaoirleach Coiste na Gaillimhe, Seán S. Ó hAllmhuráin ........... 9
Teachtaireacht ó Chathaoirleach An Choiste Náisiúnta, Seán Ó h-Earcain ........... 13
Teachtaireacht ón Rúnaí Náisiúnta, Micheál Mac Donnchadha ........... 15
Dhá scór ar fhád an dúchas, Pól Ó Gallchóir ........... 17
Focal Mhártan Ó Ciardha ........... 19
Focal ón Aire, Éamonn Ó Cuív ........... 31
Focal ón Uachtarán, Mattie Ó Nia ........... 33
Fáilte ón Chathaoirleach Coiste na Páirce, Pádraic Ó Conghaola ........... 39
Buaiteoirí Comórtas Peile na Gaeltachta 1969 - 2008 ........... 46
Criathrach Beag an Ghoirt Mhóir & Faichí Imeartha eile ........... 61
Clár Imeachtaí Comórtas Peile na Gaeltachta 2009 ........... 72
Gairmscoil na bPiarsach ........... 89
Pléaráca Chonamara Teo ........... 91
South & O'Hanlons ........... 109
Foireann 1959 ........... 113
Oidhreacht na bPiarsach, Seosamh Ó Cuaig ........... 123
CLG Na Piarsaigh ........... 133
CLG Rinn Ua gCuanach ........... 137
CLG An Ghaeltacht ........... 141
CLG An tSean-Phobail ........... 143
CLG Ard a'Ratha ........... 145
CLG Baile an Chaisil ........... 149
CLG Cárna / Caiseal ........... 153
CLG Cill Chartha ........... 159
CLG Cill na Martra ........... 165
CLG Clann na nGael ........... 169
CLG An Daingean ........... 173
CLG Laochra Loch Lao ........... 174
CLG Lios Póil ........... 176
Cumann Peile Moundearg ........... 178
CLG Na Dúnaibh ........... 180
CLG Tuar Mhic Éadaigh ........... 182
CLG Naomh Anna ........... 185
CLG Oileáin Árainn ........... 189
Scríbhneoirí Ros Muc ........... 191
CLG Ban na Piarsaigh ........... 194
CLG Ban Naomh Anna ........... 196
Comórtas an Chailín Ghaelaigh ........... 199
Na Piarsaigh - Feadh mo chuimhne, Pádraic Ó Gaora ........... 202
Eolas Ginearálta ........... 206

# Tigh Mheaic

## Carna


Ceol agus Craic
Beatha ar fáil chuile lá
Gáirdin Beorach



**Fón: 095-32730**
**Ríomhphost: tighmheaic@gmail.com**
**www.bebo.com/TighMheaic**


Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

# Fáilte ó Chathaoirleach Cumann Peile na bPiarsaigh agus Coiste Comórtas Peile na Gaeltachta 2009



**Róisín Uí Shúilleabháin**
Cathaoirleach Cumann Peile na bPiarsaigh & Coiste Comórtas Peile na Gaeltachta

Is cúis bhróid dom fáilte a chur romhaibh uilig chuig ár gCumann agus Paróiste Rosmuc chuig Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta 2009. Seo é an chéad uair riamh ag ár gCumann an Comórtas Náisiúnta a reáchtáil agus tá muid ag tnúth go mór leis.

Bunaíodh an Cumann i 1959 agus is ócáid stairiúil dúinn a bheith ag ceiliúradh 50 bliain, agus buíochas speisialta ag dul do na daoine sin a tháinig le chéile agus a bhunaigh an Cumann. Ó shin i leith tá go leór daoine iontacha tar éis baint a bheith acu leis an cCumann agus a d'imir don Chumann. Is pobal beag muid agus bhí uaireanta i rith na tréimhse sin nuair a bhí imirce go láidir san taobh seo tíre, agus tá i gcónaí, ach, mhair muid thríd agus le cúnamh Dé is níos mó agus níos láidre a bhéas an Cumann tar éis an Chomórtais Náisiúnta seo.

Is de bharr Coiste na Páirce a tháinig le chéile i 1993 atá muid in ann an Comórtas breá seo a reáchtáil. Ní raibh san suíomh ina bhfuil na háiseanna iontacha seo againn ach clocha agus sceacha (mar atá le feiceáil sa pictiúir a tóigeadh den suíomh i 1993 ar leathanach 41 Fáilte Chathaoirleach Choiste na Páirce) agus ó shoin i leith tá go leór obair chrua, ám, alas agus airgead caite leis. Tá ár mbuíochas ag dul do Choiste na Páirce, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Coiste Gairmoideas Chondae na Gaillimhe, Aire na Gaeltachta agus Teachtaí Áitiúla, Scéimeanna Fostaíocht Pobail agus Scéim na nAosach le chúig bhliana déag, pobal na háite, pobal Chonamara, gaolta agus cairde uilig ar fud an domhain a chuir obair, tacaíocht agus a láimh ina bpócaí chun an togra seo a chur i gcríoch dár gCumann.

Beidh muid buíoch go deo do na heagraíochtaí, gnóthanna, cumainn agus na daoine uilig atá tar éis tacaíocht airgeadais a thabhairt dúinn chun an Comórtas Náisiúnta seo a reáchtáil. Tá siad sin, Údarás na Gaeltachta, TG4, RTÉ/Raidió na Gaeltachta, T. Ó Máille – Rosmuc, Coiste Gairmoideas Chondae na Gaillimhe, Coiste Peile na Gaillimhe, Comhairle Chonnacht, Páirc an Chrócaigh, Nioclás Ó Conchubhair, Socos Teoranta, Tí Clarke, na Cumainn Lúthchleas Gael agus eagraíochtaí Spóirt, na

gnóthanna uilig ar fud Ghaillimh agus Árainn a chuir fógra sa leabhrán agus na fógraí a tháinig as Sasana agus Boston, Mheiriceá.

Buíochas speisialta do Choiste Eagrúcháin an Chomórtais, Coiste na Páirce, Cumann Peile Ban na bPiarsach, Rúnaí Náisiúnta an Chomórtais, Foireann Spóirt RTE / Raidió na Gaeltachta, Coiste Pobal Rosmuc, na Mná Tí agus lucht lóistín, na Gárdaí, Ord Malta, Gairmscoil na bPiarsach, Scoil Naisiúnta Bhriocáin, Pléaráca Teoranta, C.L.S., Dochtúir agus Banáltraí, an Sagart Paróiste, an Chóir agus múinteoirí an pharóiste, óige na háite, lucht busanna, iompair agus gnóthanna áitiúla, réiteóirí, maoir, moltóirí, daoine a thug eolas agus pictiúirí dúinn agus gach duine atá ag tabhairt cúnamh ar bhealach ar bith. Gan na daoine agus an chabhair seo thuasluaite ní bheadh muid in ann an ócáid seo a eagrú.

Focal speisialta buíochais do C.L.G. Cárna / Caiseal, Naomh Anna agus Cumann Liathróid Láimhe Mhicheál Breathnach as ucht a gcuid áiseanna a chur ar fáil dúinn don Chomórtas. Buíochas freisin do na cumainn eile a thairg a gcuid áiseanna dúinn agus atá curtha ar fáil dúinn ag daoine i gcomhair maoireachta.

Is mian liom smaoineamh ar na daoine a bhain leis an gCumann seo leis na blianta agus atá thar lear i Sasana, Meiriceá, tíortha eile na hEorpa agus san Astráil. Tá súil againn go mbeidh sibh ar ais linn lá éigin amach anseo agus tá fhios againn go mbeidh sibh ag smaoineamh orainn i rith na Féile Naisiúnta seo, mar a bhéas muid oraibhse.

Smaoineoidh muid freisin ar na daoine uilig ar mhaith linn a bheith linn agus a bheadh ag cabhrú linn i rith an deireadh seachtaine, ach, faraor, ní féidir leo mar gur thóg Dia uainn iad ar chúis amháin nó ar chúis eile. "Tá súil againn go bhfuil sibh ag breathnú anuas orainn agus ag cabhrú linn i rith an deireadh seachtaine". Suaimhneas síoraí do na daoine uaisle sin uilig.

Mar fhocal scoir, tá súil agam go mbainfidh gach duine sásamh agus taitneamh as an deireadh seachtaine, go mbeidh sibh sábháilte ag teacht go Rosmuc agus mar an gcéanna ar an mbealach ar ais abhaile.

Is Cumann beag muid, ach tá croí mór againn agus tá muid an-bhródúil as a bhfuil againn. Gach rath ar gach duine do Dheireadh Seachtaine na Cincíse 2009. Bíodh an-deireadh seachtaine agaibh uilig agus míle fáilte roimh gach duine.

**Róisín Uí Shuilleabháin**
**CATHAOIRLEACH**

Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009




**Coiste Eagrúchán na Féile**

**Ar chúl ó chlé:** Brian Seoige, Áine Uí Ghríofa, Eileen Bairéad, Cathal Ó Mainín, Diane Ní Mhainín, Eoin Ó Mainín, Micheál Breathnach, Tomás Ó Máille

**Chun tosaigh ó chlé:** Éamonn Seoige, Prionsias Ó Máille, Cormac Ó Conaire, Róisín Uí Shúilleabháin, Mattie Ó Nia, Breandán Seoige.

**Thíos ó chlé:**
Áine Ní Mhainín, Shane Ó Caisín, Máire Bríd Uí Mhainín







Mánus Ó Conaire
ELECTRICAL CONTRACTOR

Ard Thiar,
Carna,
Co. na Gaillimhe


CERTIFIED IN WIND TURBINE INSTALLATION
by City & Guilds
Agent for Green Air Ireland & UK

Fón Póca: 087-1268813
Faics: 095-32741
e-phost: manustom@gmail.com
Ecssa no.: 30976

*Go n-éirí go geal leis an gComórtas*

Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

## Teachtaireacht an tUachtarán CLG



**Criostóir Ó Cuana**
Uachtarán Cumann Lúthchleas Gael

Is mór an ónoir dom na focail seo a leanas a scríobh ar ócáid deireadh seachtaine Comórtos Peile na Gaeltachta agus foirne ó na cheithre cúige ag teacht le chéile i Rosmuc i mbliana.

Ar an chéad dul síos ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil ar gach duine atá páirteach leis an comórtas as ucht a méid oibre a dhéanann siad chun an craobh seo a chur ar siúl. Mar eagraíocht tá dualgas orainn ár dteanga agus ár gcultúr a chaomhnú agus a spreagadh agus muid ag eagrú ár gcluichí. Taispeánann an comórtas seo go bhfuil an cinéal sin obair ag dul ar aghaidh go háirithe sna ceantair Gaeltachta ar fud na tíre agus i measc Gaeil thar lear.

Is ócáid mór é seo i ndialann CLG agus tá ard moladh tuillte ag CLG Na Piarsaigh as ucht an sar obair atá déanta acu chun gach rud a chur le chéile do na foirne go léir a mbeidh ag imirt. Tá tradisiún mór ag baint leis an craobh seo, tradisiún a théann ar ais go 1969 nuair a d'éirigh Gaoth Dobhair an teideal a bhaint amach i gcoinne Corca Dhuibhne i gCiarraí. Tá fhios agam go dtiocfaidh na clubanna go léir go Gaillimh leis an aidhm céanna acu i mbliana seachas spraoi agus craic a bhaint ón deireadh seachtaine freisin.


Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le TG4 agus le RTÉ Raidió an Gaeltachta atá ag tabhairt an oiread sin seirbhisí don chomórtas seo thar na blianta. Tá babhtaí ceannais an chomórtais clúdaithe ag TG4 gach bliain ó bunaíodh an stáisiún. Cuireann an gcuid oibre go mór le craobhacha Gaeltachta agus tá ár mbuíochas tuillte acu as an méid a dhéanann siad chun ár gcluichí a chur chun cinn.

Mar fhocal scoir guim gach rath ar imreoirí agus eagraitheoirí Chomórtas Peile na Gaeltachta 2008.

Ar aghaidh len ár gcluichí.

**Criostóir Ó Cuana – Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael.**

*Comhghairdeas & gach rath ar an gComórtas ó*







# Brian Clarke

## Clarke Plant & Truck Hire

Site Clearance & Muck-Away, Sub-Soil & Top-soil
All Type of Stone including Building Stone for sale
Compact Roller Hire,
Concrete Sealed Septic Tanks for Sale


**Rosmuc, Co. Galway**
**Fón: 087-9877027**






Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

## Teachtaireacht ó Chathaoirleach Coiste Peile na Gaillimhe




**Seán S. Ó hAllmhuráin**
Ceann Choiste Peile na Gaillimhe

Thar ceann Choiste Peile na Gaillimhe, is mór an onóir dom fáilte a ceur roimh na foirne uilig agus roimh oifigigí agus lucht tacaíochta as chuile áit ar fud na hÉireann. Ba mhaith liom fíor bhuíochas a ghabháil le Cumann na bPiarsaigh, Ros Muc, a bhfuil obair chomh hiontach sin déanta acu dá gclub agus don phobal i rith na bliana. Tá sé tuillte acu comórtas na bliana seo a bheith ar siúl i Ros Muc.

Is é Comórtas Peile na Gaeltachta an comórtas tuaithe is mó sa Pheil Ghaelach in Éirinn agus cuireann sé cultúr agus spórt na hÉireann, chomh maith leis an nGaeilge chun cinn ag leibhéal na cosmhuintire - bhain na tréithe sin riamh le Ros Muc.

Guím gach rath ar chuile dhuine le haghaidh na deireadh seachtaine - deireadh seachtaine a thabharfaidh peil den scoth agus craic go Ros Muc gan aon amhras!

**Seán S. Ó hAllmhuráin.**




Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

**Iasc Mara Teo.**

Ros an Mhíl,
Co. na Gaillimhe

IASC MARA

**Fón: 091 - 572136**
**Faics: 091 - 572271 / 572334**

E-phost: sales@iascmara.ie
www.iascmara.ie

*Ag guí gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta i Rosmuc 2009*

*ó*

**Chairde na Crannóige**

Turlach Beag, Rosmuc, Co. na Gailimhe




## "Dún Mánus"

*Bean an Tigh: Therese Uí Chonaire*

Gleann Chatha,
Rosmuc,
Conamara,
Co. na Gaillimhe

**Teil: 091 574139 / 087 6360039**

Ríomhphost: dunmanusbandb@hotmail.com
Suíomh: www.dunmanus.com

**An Ghaeltacht Abú!!**
**Gura Fada Buan Sibh.**


Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

# Teachtaireacht Ó Chathaoirleach an Choiste Náisiúnta

A Chairde.


Tá comórtas Peile na Gaeltachta ar cuairt go iarthar tíre do'n t-aonú uair déag agus dó'n chéad uair i Rosmuc. Is iomaí cor agus casadh san saol ó h-imríodh an chéad chomórtas i nGaoth Dobhair i mí Eanáir na bliana 1969 agus iar – thuaisceart Dhún na nGall faoi bhrat sneachta. Is beag cainte a bhí ag an am faoin ríomhphost, an idirlíon nó an ipod ach inniu is féidir eolas faoi imeachtaí an chomórtais a scaipeadh ar fud an domhain láithreach bonn ar an bhfón póca agus ar an chóras craolacháin saitilíte. Ní raibh fo-chumainn ar fud na tíre fuar nó falsa i bhforbairt a gcuid áiseanna agus ní eisceacht ar bith iad Cumann Peile na bPiarsaigh. Is aoibhinn an deis do mhuintir na gaeltachta cuairt a thabhairt ar an cheantar álainn stairiúil seo chun ár ndúchas a cheiliúradh agus cairdeas a athnuachán.

Is ceantar é seo atá ar maos i dtréithe agus i gcultúr na nGael. Tagann tír agus muir le chéile faoi chladaigh creimnithe na dúiche agus tá a thionchar sin le sonrú i dteanga 's í bhfoclóir, i gceol is i scéalaíocht na h-áite. Is saibhir ársa an oidhreacht a tháinig anuas ó ghlún go glún 's gur fada beo buan a bheidh sí. Is cúis áthais dom, ar son an Choiste Náisiúnta, fearadh na fáilte a chuir roimh mhuintir na Gaeltachta chuig imeachtaí an chomórtais. Is ocáid phleisiúrtha thaithneamhach í agus táim cinnte go mbeidh spraoi agus sult le baint againn as ár gcuairt. Ní féidir a leithid a reachtáil gan pleanáil mhaith, dea-eagraíocht agus tacaíocht na ndaoine faoi stiúir Roisín Ní Shuilleabháin, Proinsias O' Máille, Cormac O' Conaire agus na fo-choistí éagsúla atá i mbun oibre le míonna anuas. Tá muid faoi chomaoin mhór acu go léir. Tá buíochas mór ag dul do chomhlachtaí, eagraíochtaí, seirbhísí, lucht gnó agus gach duine a thugann urraíocht, cuidiú agus cabhair do'n chomórtas – gan iad ní fhéadfaí a leithéid a reáctáil. Tá moladh mór ag dul do na meáin chumarsáide freisin – Raidió áitiúil, nuachtáin, TG4 agus R.T.É. Raidió na Gaeltachta a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine nach bhfuil linn anseo i Rosmuc. Ár mbuíochas freisin do Ard Chomhairle C.L.G., Comhairlí Cúige, Boird Contae, Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta a thugann tacaíocht bhliantúil le flaithiúlacht.

Táimid anseo i gceantar an Aire Rialtais Éamon Ó Cuív agus ba mhaith liom fiór bhuíochas ó chroí a ghabháil leis fhéin agus a chuid oifigí san Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as an tacaíocht a thug siad do'n chomórtas le blianta anuas. Mar gheall ar an infheistiú sin tá sár áiseanna spóirt ar fáil i gcondeatha gaeltachta a théann chun sochair go mór do mhuintir na gceantar sin – infrastructúr luachmhar nach mbeadh ar an bhfód gan an maoiniú fiúntach a fugadh.

Tá an deireadh seachtaine seo ar cheann de mhór-imeachtai cultúrtha agus sóisialta na bliana san tír seo anois agus is í an Ghaeilge teanga an chomórtais. Tá sé de dhualgas ar gach duine meas a léiriú do' n teanga agus í a úsáid le linn cluichí, siamsaíocht, teacht le chéile agus imeachtaí an chomórtais. Gúim gach rath oraibh go léir agus sé mo ghuí go mbeidh saoire shuailceach ghaeladh agaibh uilig.

**Seán Ó h-Earcain**
**Cathaoirleach an Choiste Náisiúnta**
**Comórtas Peile na Gaeltachta**



# Máirtín Loftus

*Pláistéara, Dry-lining, Insulation*
*Lime Plastering Specialist*

Cláraithe C2


*Doire Iorrais, Rosmuc, Co. na Gaillimhe*
**Fón Póca: 087-2965795**






Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

## Teachtaireacht ón Rúnaí Náisiúnta



**Micheál Mac Donnchadha**
Rúnaí Náisiúnta

Tá Comórtas Peile na Gaeltachta san dara dachad, tá sé dhá reachtáil i gConamara don 11ú uair agus i Ros Muc don chéad uair. Dúshlán mór do Chumann ar bith An Comórtas a reachtáil go háithrid ar na saolta seo agus cúrsaí eacnamaíochta mar atá, ach tá fhios agam nach raibh aon drugal ná leisce ar an gCoiste Áitiúil. Tá Róisín Uí Shúilleabháin agus a críú ag obair go dian dícheallach le cúpla bliain lena chinntiú nach mbeidh bun chleite isteach ná barr chleite amach an deireadh seachtaine seo.

Nach tráthúil go bhfuil Na Piarsaigh a ceiliúradh leathchéad bliain a mbunaithe i mbliana. Bhí siad i gCluiche Ceannais Chomórtas na Sóisear i nGleann Cholm Cille fiche bliain ó shin, chuirfeadh buachan An Choirn ar a bhfód féin an sméar mullaigh ar a gcuid saothair. Narbh í ionadaí an Chumainn, Eibhlín Seoige, Cailín Gaelach na bliana 1992.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Údarás na Gaeltachta, Ard Chomhairle CLG, TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta as a gcuid urraíochta, d'uireasa a gcuid gnaíúlachta ba fánach ar an gComórtas.

Más strainséara sa taobh seo tíre thú, tá fáilte romhat, tá tú i measc daoine croíúla, gnaíúla - bain sult as do chuairt.

Tá súil agam go mbainfidh chuile dhuine, idir imreoirí, iomaitheoirí, lucht tacaíochta agus fámairí taitneamh agus tairbhe as an deireadh seachtaine agus nuair a scaipfidh na daoine tar éis an Chomórtais gur dea-chuimhne a bheas acu ar an ócáid agus ar an gceantar – an bhfuil ceantar níos Gaelaí sa tír?

**Micheál Mac Donnchadha**
**Rúnaí Náisiúnta**


Gach dea ghuí
ó

**Joe Ciss**
**& a chlann**

Garafin, Rosmuc, Co. na Gaillimhe

Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

# Dhá scór ar fhód an dúchais



**Pól Ó Gallchóir**
Ceannasaí TG4

Tréaslaíonn TG4 le lucht eagair Chomórtas Peile na Gaeltachta 2009 i Ros Muc agus guímid gach rath ar imeachtaí an deireadh seachtaine. Is breá linn a bheith ag tacú leis an gcomórtas arís i mbliana le beochraoladh ar na cluichí ceannais ar an Luan agus buaicphointí ó na babhtaí eile mar réamhrá leis agus le réamh-thuairiscí i rith na seachtaine.

Is deacair a chreidiúint, b'fhéidir, go bhfuil an dá scór slánaithe ag an gComórtas ach is cinnte go bhfuil sé faoi bhláth anois agus go bhfuil fás Pagus forbairt iontach tagtha air ó tháinig lucht na haislinge le chéile den chéad uair ar fhód mo dhúchais féin i nGaoth Dobhair sa bhliain 1969. Is cinnte go raibh misneach ag na bunaitheoirí sin agus gur thugadar faoin togra ceannródúil seo le fuinneamh agus le paisean. D'éirigh leo agus is seod bliantúil i saol na Gaeltachta é an comórtas iontach seo anois, ócáid cheiliúrtha agus mhórtais, deis chaidrimh agus chomhluadair, tús oifigiúil ar an Samhradh agus am le bualadh le cairde, idir shean agus nua.


Molamid an Comórtas, atá ag neartú agus ag feabhsú ó bhliain go bliain. Tá a bhuíochas sin dlite don Choiste Náisiúnta, don CLG féin agus go háirithe do na clubanna aonair a ghlacann chucu féin an comórtas náisiúnta gach Meitheamh. Tugann an fhorbairt leanúnach agus an tsuim mhéadaithe ag na meáin agus ag an lucht tacaíochta misneach ar leith don chuid sin againn atá ag freastal ar an gcomórtas seo le blianta. Is breá mar a d'fhorbair an comórtas ó dhá ghrád do na fir agus foirne ó roinnt Gaeltachtaí go craobhacha d'fhir is do mhná agus foirne as gach Gaeltacht agus ionadaithe ón iasacht freisin.

Is léiriú é an Comórtas Peile ar na suáilcí agus ar na buntáistí iomadúla a thugann an Cumann Lúthchleas Gael don pharóiste agus don cheantar áitiúil – agus don náisiún Gaelach fosta. Tá feabhas as cuimse tagtha ar na háiseanna atá ar fáil d'imreoirí, don lucht féachana agus dóibh sin ó thionscal na meán ó 1969 i leith agus is sampla iontach de seo an pháirc agus na háiseanna atá forbartha anseo ag Cumann na bPiarsach agus beidh sin le feiceáil ar fud na hÉireann agus an domhain ( www.tg4.tv) ar an mbeochraoladh a dhéanfaidh TG4 ar na cluichí ceannais anseo ar an Luan. Roimhe sin, dar ndóigh, beidh súil chun cinn caite ag Seo Spóirt TG4 ar na himeachtaí ar an oíche Aoine.

Mar a thuigimid ar fad, tá an saol teann go maith ó thaobh na heacnamaíochta faoi láthair agus tá moladh mór ag dul don lucht eagair as a saothar deonach ag eagrú an deireadh seachtaine iontach seo. Meabhraíonn a dea-shampla dúinn go bhfuil ábhar dóchais agus mórtais againn freisin agus go bhfuil tábhacht le spórt, spraoi agus seanchas inár saol fosta, rudaí a thuig an Piarsach agus a mheall chun na dúthaigh seo é céad bliain ó shin. Nach é a bheadh bródúil as an ócáid seo!

Beidh na mílte i láthair agus na mílte eile ag féachaint agus súil againn ar fad le ard chomhlint agus le togha na himeartha.

Go mbeirimid beo ar an am seo arís!
**Pól Ó Gallchóir, Ceannasaí TG4**



# CRM Trucking Inc.

Excavation & Truck Service

Foundations, Driveways, Water & Sewer

20 Johns Ave.,
Holbrook, MA. 02343


**Fón: 001 617 293 3731**

*Go n-éirí an t-ádh leis an gComórtas*
*ó*
*Colm, Liz & Ciarán Ó Mainín*




Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

# Focal Mhártan Ó Ciardha



**Mártan Ó Ciardha**
Eagraí Spórt RnaGaeltachta

Ba rí-ghéar a theastaigh sé, ach b'fhada uainn an 'Sat-Nav', nuair a thug mé fhéin agus mo chuid comradaithe taistil aghaidh ar Chomórtas Peile na Gaeltachta i nGaoth Dobhair faoi Chincís na bliana 1970, áit a raibh comhfhoireann as Conamara le bheith san iomaíocht. Bhí mo chumann fhéin, Mícheál Breathnach gaibhte go Gaoth Dobhair an bhliain roimhe nuair a tháinig an Comórtas ar an bhfód, ach níor éirigh liom fhéin an t-aistir sin a dhéanamh.

Tráthnóna Aoine, tar éis dom fhéin agus do bheirt eile Christy Ó Scanláin as Baile na hAbhann agus Máirtín S. Ó Neachtain as Seana Mhóinín, go ndéana Dia trócaire air, ár gcuid scrúdaithe ollscoile a chríochnú, thug muid aghaidh ar an bhFaiche Mhór i gceathair na Gaillimhe, áit a raibh Peadar Ó Conghaile as Baile na Cathrach agus an VW Beetle bán a bhí aige faoi réir lena dtabhairt níos faide ó thuaidh ná a bhí ceachtar againn ariamh go dtí sin. Is dóigh go bhféadfaí an 'ceannasaí foirne' a thabhairt ar an cúigiú duine Ned Mháirtín Ned Ó Finneadha as an Tuar Beag in aice an Spidéil, a d'imigh uainn faraor ar Shlí na Fírinne níos luaithe i mbliana agus a bhí ina roghnóir ar fhoireann Chonamara an uair siúd, foireann ar a raibh Christy ag imirt i lár na páirce.

Bhuail ocras i Sligeach muid agus tart i mBun Dobhráin agus faoin am a raibh riar ár gcáis againn bhí sé chomh dubh dorcha is nárbh léir duit méar á chur i do shúil. An raibh mapa nó léarscáil again? Bhí muis go deimhin. Agus ní mór a mhíniú freisin nárbh iad bealaí leathana an lae inniu a bhí ann ag an am, ach bóthar caol, casta, go háithrid ó thuaidh de Shligeach. Ach bhí Dia linn agus achairín beag ó thuaidh de Bhéal Átha Seanaigh bhailigh gluaisteán muid arbh iad na litreacha ZTI a bhí i dtosach ar a clár-uimhir. Faoin gcóras a bhí i réim ag an am, thug sin le fios go mba ghluaisteán as Luimneach a bhí i gceist agus chomh scafánta agus a dhéanfadh an bleachtaire teilifíse *Colombo* an lá ab fhearr a bhí sé, dúirt Mac Uí Fhinneadha leis an tiománaí "Lean an carr sin. Seans maith gur é sin Antóin Ó Cearbhaill agus beidh fios an bhealaigh aige siúd." Mar is léir ón leabhar seo bhí Antóin ar dhuine de bhunaitheoirí an Chomórtais Peile agus é ag múineadh i Luimneach ag an am. D'fhág grinneas Ned sábháilte muid go ceann cúpla míle agus é an uair sin go domhain tar éis an mheánoíche.

Ag déanamh ar Bhaile an Trá dúinn a d'fhógair an tiománaí tubaiste. Leis an deifir a bhí orainn ar fad an tart a bhaint dínn fhéin, rinne muid dearmad go mb'fhéidir go dtiocfadh tart ar an 'gCiaróg' agus bhí tanc an pheitril ag tabhairt le fios go raibh sé ionann agus

# Ciarán Ó Conaire (Tom)

Sáile Laoi,
Rosmuc
**087-9077759**



**PLUIMÉIREACHT & TÉAMH LÁRNACH**

Plumbing & Heating
Installation & Maintenance

*Gas - Oil - Solid Fuel - Underfloor Heating - Geothermal Heat pumps*

***Gach dea ghuí ar an gComórtas***


Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

folamh. D'éalaigh gluaisteán Antóin Uí Chearbhaill as ár radharc chomh scafánta leis an tiománaí Lewis Hamilton agus fágadh muid ar bheagán dóchais go bhfaighfeadh muid lóistín, ní áirím breosla. Ostán na Mainistreach i lár Bhaile Dhún na nGall agus a úinéir gnaíúil, Dom Breslin a thóg as poll muid. Ag an am bhí caidéal taobh amuigh de dhoras an ostáin agus ag a haon a chlog ar maidin ní amháin gur fheagair Dom an doras ach líon sé umar an pheitril. Bhí sé de dhánaíocht ionainn ansin a fhiafraí dó an mbeadh aon seans ar phionta, nuair a bhí ár sáigh dó sin again chuir muid tuairisc leaba agus níor eitíodh ceachtar achainí.

Bhí sé ag déanamh ar mheánlae lá arna mháireach nuair a bhain muid Gaoth Dobhair agus Páirc imeartha Mhachaire Gathláin amach – ansiúd bhíodar ar tigh an Garda Cósta agus lucht tarrthála a chur ar a n-airdeall mar go raibh a fhios acu go raibh cathair na Gaillimhe fágtha againn an tráthnóna roimhréidh. Ach bhí deireadh tráthúil leis an ócáid – faoin am a dtáinig trathnóna Dé Luain bhí Corn Delap tugtha leo ag Conamara agus bhí blaiseadh de Chomortas Peile na Gaeltachta faighte agam. Níor chaill mé aon chéann ó shin.

Thug an bhliain dár gcionn muid go Baile Mhúirne agus an bhliain dar gcionn arís, 1972, go Páirc an Ághasaigh i mBaile an Daingin, áit a raibh mo mo chomrádaí agus do mo chomharsa, Mattie Joe Shéamuis Ó Fátharta, a bhí fostaithe ag Raidió na Gaeltachta ag an am sin, i bhfeighil an chéad chraoladh ariamh a rinne an stáisiún sin ar na babhtaí ceannais náisiúnta. Faoin am a raibh lámh agam fhéin san obair sin sé bliana dar gcionn bhí an Comórtas fillte ar an Daingean ('77) gaibhte chun na Ceathrún Rua faoi dhó ('73 & '76), ar ais Baile Mhúirne ('76) agus go Gaoth Dobhair ('75). Ó shin i leith faoi Chincís tá na seolta crochta againn chuig chuile cheard den Ghaeltacht, Gleann Cholmcille, Dúiche Sheoigeach, Rinn Ua gCuanach, Ráth Cairn Glas na Mí, Béal a Mhuirthead, Ros Goill, Gallarus an tséipéilín, Gleann an tSagairt i gCnoc na nAille, na Crosbhealaigh, Cill tSéadna, Máimín Leitir Móir, Cill Chartha, , Cill na Martra, An Spidéal, Béal Átha an Ghaorthaigh agus anuraidh cuairt ar ais ar an Ghleann álainn Cholmcille.

In imeacht na mblianta is iomaí sin rud a bhaineann le Comórtas Peile na Gaeltachta a bhfuil athrú tagtha ar – cuid acu ar athraithe chun feabhais atá iontu agus cuid eile faraor, athraithe chun donnais. Is beag acu sin atá ann, lagú na teangan ar an bpríomhcheann agus bainisteoirí contae a bheith ag cur iallach ar chlubanna a dhul chun páirce d'uireasa a gcuid peileadóirí contae an ceann eile. Bhíodh spleodar faoi leith ag baint leis na hócáidí ina dtagadh an scéala go raibh Máirtín Beag Mac Aoidh ar a bhealach ar ingearán as Páirc Mhic Cumhaill i mBealach Féich, nó Seán Óg de Paor go hard sna clabhtaí ag filleadh as cluiche craoibhe de chuid Chonnachta le lámh chúnta a thabhairt don Cheathrú Rua. Ócáid eile nach ndéanfaidh mé dearmad ar ab ea Antoine Ó Loingsigh agus Seán Ó Cróinín ag dul chun páirce do Naomh Abán i gCill na Martra i 2005 ainneoin iad le bheith ag imirt le Corcaigh seachtain dar gcionn.

Tháinig siad ó chéin agus ó chongar go bhfeicfeadh siad Willie Joe McFadden ag dul go hard sna spéartha nuair ba thréine Béal a Mhuirthead sa gComórtas agus ina fhíor thús

*Go n-éirí go geal leis an gComórtas*
*& gach rath ar Na Piarsaigh*

*ó*

# Tí Chlarke

Rosmuc, Co. na Gaillimhe

**Fón: (091) 574152**
**Fón Póca: (087) 2569910**

Petrol - Diesel - Grósaera & Beár
Adhlacóir Sochraid
Tarlóir: Gaineamh - Feamainn - Blocanna - Clocha



bhíodh an choimhlint idir Ghaoth Dobhair, Baile Mhúirne agus Corca Dhuibhne chuile bhlas chomh crua, géar agus a bhíonn aon chluiche ceannais i bPáirc an Chrócaigh.

Ba é Comórtas Peile na Gaeltachta a thug an chéad amharc dom freisin ar ógánach scór bliain ar bheag é a cháil ag an am, Dara Ó Cinnéide. Ag siúl isteach geata na páirce dom ar an gCoill Bhig ar an bhFairche Satharn tosaigh an chomórtais 1995, bhí cic saor 45 méadar faighte ag foireann Ghaeltachta Chorca Dhuibhne. Níor aithnigh mé fearr a tógtha ach sa stíl chromtha údaí, ar ar chuir muid aithne mhaith sna blianta beaga ina dhiaidh sin, bhuail an sé an chic lena dheasóg. "Deis scóla curtha amú" a deirimse liom fhéin agus an liathróid san aer, í chomh gar de bhratach an chúinne agus a bhí sí de na postaí. Ach, de réir a chéile thosaigh an pheil ag casadh isteach agus isteach agus ba díreach os cionn an spota dubh a bhí ar an trasnán a thit sí thar an líne. "Cé hé an scorach a thóg an chic sin ?" a d'fhiafraigh mé do Mhícheál O Sé, nuair a bhain mé an bosca-tráchtaireachta amach. "Dara Ó Cinnéide is ainm dó" arsa Mac Uí Shé. "Cloinfidh tú tuilleadh ina thaobh."

Thug sé cinn déag de chumainn nó de cheantair éagsúla Craobh Shinsir Chomórtais Peile na Gaeltachta leo le dhá fhichead bliain, ach seasann péire acu sin amach i mo chuimhne thar na cinn eile. Sin iad foirne Naomh Abán a thug na cheithre chraobh as a chéile leo idir 1979-1982 agus foireann Chill Chartha a thug trí cinn as a chéile leo idir 1989 agus 1991. Bhí sprid faoi leith sa dá fhoireann seo agus cumas peile a bhí inchurtha leis. Bhí formhór imreoiri Bhaile Mhuirne téagartha láidir – Mícheál O Scanaill, Diarmuid Ó Luasa, Diarmuid Mac Carthaigh, Colmán Ó Tuama, Mícheál Ó Críodáin agus fear a thug a chroí agus a anamh don gheansaí gorm, fiú nuair a bhí na cosa ag teip ar faoi dheireadh, Jerry 'Tree' Ó Loingsigh.

Ar a ngliceas agus ar a gcuid comhimeartha a bhunaigh Cill Chartha a bplean, ní nach ionadh nuair a déarfaidh mé leat go mba iad Máirtín Beag agus a dhearthair Séamus Mac Aoidh, treoraithe na himeartha acu. Níor bhuaigh siad an Chraobh Shinsir ón mbliain 1991 gur thug siad leo ceann na bliana seo caite i nGleann Cholm Cille agus nach iontach an rud é go raibh ceangal idir an dá ócáid – Marc Mac Seáin, atá fós ag imirt bail ó Dhia air.

In imeacht na mblianta is iomaí sin dea chomhrac a facthas sna hionaid éagsúla, ach tá cuimhne faoi leith agam ar chluiche i gCill na Marta sa mbliain 2005 inar imir Gaeltacht Chorca Dhuibhne agus Naomh Abán a chéile – cothrom agus an uair istigh, cothrom arís agus 20 nóiméad ama-breise imrithe agus bhí an dorchadas tit ear Pháirc Uí Chuana nuair a thug na Corcaigh na cosa ar éigin leo agus an dara tréimhse breise curtha díobh acu.

Tá athrú thar cuimse tagtha ar ndóigh ar an gcóras craolcháin le dhá fhichead bliain. Tá stiúdió taistil breá, 'An Ródaí' ag RTÉ Raidió na Gaeltachta agus úsáid bainte as ón mbliain 1994 ar aghaidh. Is fadó an lá ó bhíodh orainn carabháin a fháil ar cíos le dul ag craoladh astu agus na céadta meadar de chábláí leictreachais a tharraingt trasna na bpáirceanna ón teach conaí ba ghaire de láthair. Bhíodh chuile rud ceart go gcríochnódh cluiche. Ansin agus an dá fhoireann sa gcith is minic a tharlaíodh sé go mbeadh oiread tarraingt ar an

# Siopa Búistéara Uí Fheinneadha

Sráidbhaile an Spidéil



**Togha Feola Blasta**
**Uaineoil, Caoireoil, Mairteoil,**
**Muiceoil, Bagún, Sicíní, Ispíní**

**Oscailte: Luan go Satharn 9.30 r.n. - 6.30 i.n.**
**Fón: (091) 553130**
**Fón Póca: (087) 6576251**
**Camus Dé Céadaoin**
**Rosmuc Déardaoin**


Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

gcumhacht agus go séidfí na fiúsanna, rud a d'fhágfadh na peileadóirí taobh leis an uisce fuar agus muide imithe den aer ! Sa lá atá inniu ann tá clubthigh agus seastáin bhreátha tógtha i mórán chuile ionad agus bothanna tráchtaireachta ina bhformhór.

Thagair mé i dtús an chaibidil seo do na deacrachtaí taistil a bhain leis an gcéad Chomórtas Peile ar a ndearna mé freastal sa mbliain 1970. Sé bliana déag agus fiche dar gcionn tháinig sé sa lá gur ar rothar a rinne mé an t-aistir. Níor mhór an ghaisce sin dom ach an oiread mar go mba ar Pháirc an Athar Mhic Suibhne ag Coláiste Chonnachta sa Spidéal a imríodh babhtaí náisiúnta 2006 – cúpla céad slat ón áit a bhfuil mé i mo chonaí. Dhá mhór chuimhne atá agam ar an ócáid – go raibh an ghrian ag scoilteadh na gcloch ó thosaigh na himeachtaí nó gur tugadh Corn an Aire do chaptaein Bhéal a Mhuirthead agus an drochscéala faraor, mar ba ansiúd a dúirt mo shean-chara dílis, Liam Ó hUigín liom nárbh é an dea-thuairisc a bhí faighte aige mar gheall ar a shláinte. Ba é sin an uair dheireannach ar fhreastal laoch Lios Póil agus Chiarraí ar na babhtaí náisiúnta. Ba os cionn cláir faraor a chonaic mé an chéad bhabhta eile é cúpla mí dara gcionn.

Tráthúil go leor siad na Ciarraíochaí is cúis freisin leis an scéal barrúil is fearr liom de chuid an Chomórtais Peile.

Ar bhus a thug dáréag de chuid Chumainn Peile na Gaeltachta aghaidh ar na Dúnaibh do bhabhtaí ceannais 1986 . Bhí an chuid eile le theacht i ngluaisteain. Ach ar shroichint Ros Goill fuair lucht an bhus amach ar chúis amháin nó ar chúis eile nár thaisteal ach iad fhéin . Ní raibh an cath caillte fós más ea, mar thoilligh mo leath-bhádóir in RTE Raidió na Gaeltachta, Mícheál Ó Sé as Ard na Caithne (a bhuaigh boinn Chraoibhe na hÉireann le Ciarraí i 1969 & 70) go dtarraingeodh sé ar na bróga a bhí caite uaidh aige roinnt blianta roimhe sin.Bhí triúr déag acu.

Ba Chruinniú Boird de chuid Údaráis na Gaeltachta a thug T. P Ó Conchubhair as Gallarus chomh fada leis na Dúnaibh ach nuair a chuala seisean faoin ngéarchéim, dúirt T.P go seasfadh sé sa mbáire, ainneoin é a bheith éirithe as an imirt níos faide ná a bhí Mac Uí Shé. Duine amháin gann.

Casadh an t-údar agus an ceoltóir Maidhc Dainín Ó Sé é fhéin an bealach agus cé go mb'fhaide eisean 'ar a phinsean peile' ná ceachtar den bheirt eile, dúirt Maidhc go raibh sé fhéin sásta an fód a sheasamh . Bhí cúigear déag ag an nGaeltacht.

Ach féach nach raibh, mar nuair a tháinig uair na ciniúna theip ar Mhaidhc Dainnín sa tástáil aclaíochta a chuaigh air - tástáil a mba mhó a baint le líne bán a shiúl ná a rith, má thuigeann tú leat mé.


Ach ní raibh an cath caillte fós. Chuala Mícheál Ó Sé go raibh Súilleabhánach de bhunú Chathair Saidhbhín lonnaithe i gceantar na nDúnaibh agus ag tarraingt chuige fhéin 'riail an tseanmháthar', ar bhain Jack Charlton úsáid mhaith as ina dhiaidh sin, d'iarr Mícheál

# NOEL Ó MAINÍN

## Conraitheoir Tógála

**Rosmuc, Co. na Gaillimhe**
**Fón: (087) 2237193**

Tithe Nua * Athchóiriú & Méadú Tithe
Oifigí, Monarchain, Siopaí & srl. nua nó athchóirithe * Obair talún & cosáin * Gach cinéal obair concrete ar shuíomh nó ar fheirm



Up na Piarsaigh!



**Seirbhís iomlán ar fáil -**
**ó stáid pleanála go críoch, Dearadh an tí, Teas Geothermal & gach cinéal córas fuinneamh inathnuaite, VAT & C2 cláraithe**

**Cur glaoch orainn i gcomhair aon chinéal obair!**

*Gach rath ar an gcomórtas i Rosmuc 2009*




Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

ar an Súilleabhánach iad a thabhairt as poll. Mar a tharla, ba pheileadóir oillte a bhí ansiúd agus dúirt sé in omós dá shinsir go raibh sé sásta . Bhí aon fhadhb amháin eile le sárú – b'sin ar ndóigh nach bhféadfaí a ainm fhéin a thabhairt ar an earcach nua , mar nach raibh sé cláraithe le Cumann na Gaeltachta. Chuimhnigh duine éicint ainm thiománaí an bhus a thabhairt ar – "Mícheál Ó Laoithe". Tugadh an liosta foirne don réiteoir agus do lucht na meáin.

Cúpla céad míle ó bhaile i gCill a Rith, i bParóiste Fionn Trá, in Iarthar Dhuibhneach, chuir Joe Bán Ó Sé Raidió na Gaeltachta ar siúl ina chistin go gcloisfeadh sé cén chaoi a raibh ag éirí le foireann a cheantair dhúchais agus iad ag tabhairt aghaidh ar Naomh Abán sna Dúnaibh . Is beag fear in Éirinn a sháródh Joe Bán ó thaobh scile sa bpeil – fiú gur minic leis comhairle a chur ar a chara agus a chomharsa den sloinne céanna atá i bhfeighil na tabhairne áitiúil in Ard a Bhóthair ! Bhí an ciotal ag crónán ag Joe nuair a d'fhógair Seán Bán Breathnach foireann na Gaeltachta ar an raidió.

"Sa mbáire, T.P Ó Conbhubhair" a deir Seán Bán. Baineadh stangadh as an bhfear fionn eile sa gcistineach i gCill a Rith agus shíl seisean gur mearbhall éicint a bhí ar an tráchtaire. Faoin am ar fógraíodh go raibh Mícheál Ó Sé é fhéin gaibhte chun páirce, thuig Joe Bán cruachás na Gaeltachta." Ní foláir nó níor thaisteal a leath" a dúirt sé leis fhéin. Bhí an ciotail folaithe isteach sa taephota aige nuair a d'fhógair an raidió go mba é 'Mícheál Ó Laoithe' a bhí ar chlé sa líne lántosach ag an nGaeltacht. Thit an log ar an lag ar Joe Bán, mar m'fhearacht fhéin, pé seans a bhí ann go seasfadh Mac Uí Laoithe an fód ag tarraingt léide nó mar bhallasta sa mbád, ní ar cheachtar againn ba thúisce a chuimhneofá agus tú ar thóir tosach, mear, scafánta chun scórala .

Fad agus a bhí an tae ag tarraingt i gCill a Rith, thosaigh an imirt sna Dúnaibh. Chaith Joe Bán a shúile chun na Flaithis nuair a thit an chéad liathróid a fuair 'Mhícheál Ó Laoithe' as a chrúba . "Ba chirte dó fanúint sa mbus" a dúirt Joe nuair a tharla an cleas ceanna cúpla nóiméad dar gcionn.

"Bhí seans leis", an bharúil a bhí aige agus 10 nóimead imeartha déanta, nuair a d'éirigh le 'Ó Laoithe' an liathróid thar an trasnán agus Joe Bán ag éirí don stól go líonfadh sé a mhuigín.

Ba ag an bpointe sin ba thréine a labhair an guth ar an raidió. "Téann Mícheál Ó Laoithe go hard na spéire agus gabhann sé seilbh na liathróide dhá scór meadar amach ó chúl Naomh Abán" a deir Sean Bán agus an neart ag méadú ina ghlór. "Tá Ó Laoithe tosaithe ar ruathar...gaibhte isteach thar Mhícheál Ó Scanaill de luas lasrach.....iompaíonn sé ar dheis,.... anois ar chlé..... agus tá Diarmuid Ó Luasa fágtha ina dhiaidh aige...níl roimhe ach báireoir Naomh Abán, Mícheál Ó Críodáin.......scaoileann Ó Laoithe le hurchar... caitheann ó báireoir é fhéin trasna an chúil....b'fhéidir gur é an Críodánach atá idir na postaí ar fhoireann shinsir Chorcaigh i láthair na huaire, ach seans na ngrást ní raibh aige ar an liathróid sin a choineáil as an eangach...... tá an Ghaeltacht gaibhte cúilín chun cinn

# Tigh Phlunkett Teo.,

**Teach Ósta & Petrol**

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

**Fón: (091) 5511574**

CEOL & CRAIC

*Gach rath & dea ghuí ar an gComórtas ó Pheter*




Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

ar Naomh Abán anseo sa gcéad bhabhta de Chraobh Shinsir Chomórtais Peile na Gaeltachta sna Dúnaibh."

Thíos i gCill a Rith baineadh an oiread sin de thuairt as Joe Bán Ó Sé gur thit idir mhuigín agus taephota as a lámha isteach i mullach an bhoird. Thosaigh an leacht donn-bhuí, galach ag scaipeadh ar fuid na háite. Mhill sé an bulóg aráin a bhí fágtha gan gearradh i lár an bhoird; leáigh sé an siúcra sa mbabhailín; de réir a chéile thosaigh an tae-te ag déanamh a bhealaigh suas leathanaigh nuachtáin-an-lae a bhí le hais na bulóige agus rinne sruthán óir as punt ime a bhí fágtha ar phláta. Lig an gadhar, a bhí suite ar a chompórt go dtí sin, síon chráite agus amach an doras leis agus a leath deireadh scólta. Ach ní raibh a mháistir in ann a dhath a dhéanamh ach fanacht ina sheasamh ina staic i lár na cistinigh agus a bhéal oscailte.

B'éigin do Joe Bán suí síos nuair a d'éirigh le 'Mícheal Ó Laoithe' an chic amach a aimsiú sna Dúnaibh agus nuair a sheol sé an liathróid go ceochánta thar an trasnán agus é beagnach ina sheasamh ar an taobhlíne !

*"Dhá chúilín farasbairr anois ag an nGaeltacht"* a deir Seán Bán ar an raidió, *"agus a bhuíochas sin don naoscaire 'Mícheál Ó Laoithe, laoch na himeartha go dtí seo go cinnte"*. Lean Joe Bán an gadhar an doras amach agus rinne caol díreach ar Thabhairne Pháidí Úí Shé. *"Ní ag an duine an cineál seo scéil a choineáil ina bholg"*, a dúirt sé leis fhéin !

Le filleadh ar an staidéar, thagair mé níos túisce de chuid de na hathraithe atá taghta ar an gComórtas Peile leis na blianta ach tá rud amháin nach bhfuil aon athrú ar agus sin geanúlacht agus gnaiúlacht mhuintir na Gaeltachta. Siad a gclann siúd a bhí i mbun imeartha iad fhéin nuair a thosaigh mise atá ag seasamh an fhóid inniu do na foirne éagsúla agus is gearr gur iad clann a gclainne a bheas i gceist. Fós bainim an oiread céanna sásaimh as tabhairt chun bóthair chuile Chincís agus a bhain mé as an gcéad aistir ariamh beagnach dhá scór bliain ó shin. Is annamh anois a théim amú, ach b'fhearr liom a dhul, dá dtabharfadh sé ar ais cuid acu siúd a thaisteal an ród liom sna blianta atá caite agus atá faraor anois ar Shlí na Fírinne. Go ndéana Dia trócaire orthu.

Buíochas le Dia tá a mbunáite siúd a thug Comórtas Peile na Gaeltachta ar an saol an chéad lá ariamh linn i gconaí agus molaim iad. Seans gur mheasadar'san an uair údaí go mba cupla cluiche peile a bhí i gceist. Ach tá oidhreacht i bhfad níos mó ná sin fágtha ina ndiaidh acu. Dá bharr tá mise agus go leor eile go mór faoina gcumaoin. Molaim iad go hard na spéire

**Mártan Ó Ciardha**
**Eagraí Sport**
**RTÉ Raidió na Gaeltachta.**

# C. S. Naomh Briocáin

*Go n-éirí leis an bhfoireann agus an gclub sa gcomórtas i mbliana*

*Gach rath oraibh!!*

## Comórtas Cuimhneachán Patrick Ó Mainnín

Deireadh Seachtaine Saoire Banc
Chéad agus Dara lá de Lúnasa 2009

Bigí Linn!!





# Focal ón Aire





An tAire Éamonn Ó Cuív

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Cumann Peile na bPiarsach, Ros Muc agus iad ag reáchtáil Comórtas Peile na Gaeltachta i mbliana. Ár ndóigh is ócáid speisialta í seo chomh maith, mar go bhfuil sé daichead bliain ó reáchtáladh an chéad comórtas i 1969. Cén áit ab'fhearr daoine ó na ceantair Gaeltachta ar fad a thabhairt le chéile ná Ros Muc - ceantar stairiúil agus ceantar láidir Gaeilge. Smaoinímid i mbliana ar na daoine a cheap an comórtas an chéad lá riamh agus aithnímid an áit atá ag an gcomórtas i sochaí na Gaeltachta. Spreagann an comórtas seo mórtas agus bród i ndaoine as a n-oidhreacht féin, a gcanúint féin agus as a gceantar féin. Tugann sé deis do mhuintir na Gaeltachta a thaispeáint go bhfuil an teanga Ghaeilge á labhairt mar theanga pobail i gcónaí mar a bhíodh ag a sinsir. Ní hamháin gur ócáid spóirt í ach is ócáid shóisialta í chomh maith.

Is cumann beag peile é Cumann Peile na bPiarsach a bunaíodh i 1959. Cé go bhfuil stádas sóisearach ag an gclub faoi láthair táim cinnte go bhfuiltear ar a ndícheall an céim suas go stádas idirmheánach thógáil. Bhí an cumann blianta gan páirc dá gcuid féin ach anois tá saoráidí ar fheabhas anseo agus tá tuilleadh forbairtí beartaithe. Tréaslaím leis an gcumann as ucht na forbairtí atá curtha i gcrích acu le blianta anuas agus go mór mór as eagrú an chomórtais seo. Guím gach rath ar na foirne agus ar na hiomaitheoirí go léir a bheidh ag glacadh páirt sna comórtais agus glacaim buíochas leo siúd a chuideoidh le hócáid rathúil a chur ar siúl.

Ar deireadh ní miste an sár-obair a dhéanann Raidió na Gaeltachta agus TG4 i gcraoladh na gcluichí ar an deireadh seachtaine a luath. Is cinnte go bhfuil seo ina chuideachta dóibh siúd nach n-éiríonn leo an turas a dhéanamh chuig an láthair. Táthar fíor-bhuíoch dóibh as ucht na tacaíochta leanúnach.

**An tAire Éamonn Ó Cuív**




1KW 3KW 5KW 10KW 30KW 50KW

KIT INCLUDES:
- Blade Assembly
- Generator
- Tail holder and tail
- Slip-ring
- Gear and servo motor
- Mounting pole
- Inverter (stand alone or grid tie)
- Diversion load

KEY ADVANTAGES:
- AFPM technology
- Modular design
- Enhanced efficiency of 80-85%
- Coreless technology allowing for low cut-in speed
- Elimination of cogging issues
- US Millitary Trade (MIL-STD-810)
- Built to last


OPTIONS: *Electrical Brake* *Magnetic Brake* *Battery Charger*

Greenair Energies Ltd, Rossmore, Drumlish P.O., Co. Leitrim, Ireland
Tel./Fax +353 (0)43 29488 Mobile: +353 (0)86 0471053 or +353 (0)86 3071513
email: info@greenairenergies.ie web: greenairenergies.ie






# Focal ón Uachtarán



**Mattie Cevan Ó Nia**
Uachtarán Cumann Peile na bPiarsaigh

Bail ó Dhia oraibh ar fad agus ar son Chumann Peile na bPiarsaigh cuirim céad míle fáilte romhaibh go léir chuig Comórtas Peile na Gaeltachta 2009 i Ros Muc. Ócáid stairiúil é seo don Chumann agus don pharóiste an fhéile a bheith á reachtáil in áit chomh starúil le Ros Muc.

Is mór an onóir domsa a bheith i mo Uachtarán ar Chumann Peile na bPiarsaigh i mbliana agus muid ag reachtáil Comórtas Peile na Gaeltachta 2009. Níor cheap mé go bhfeicfinn an lá go mbeadh páirc chomh breá is atá anseo i Ros Muc againn agus muid ag reachtáil an Chomórtais chomh maith céanna. Tá obair mhór i gceist an Chomórtas a reachtáil, go háirithe i bpobal chomh beag le Ros Muc / Camus. Tá moladh mór tuillte ag an gCoiste Eagrúchán a chur ord agus eagar ar an bhféile seo. Tá an t-uafás obair ag baint le comórtas den tsaghas seo a eagrú. Tá sé d'ádh orainn anseo i Ros Muc go bhfuil an chomhoibriú againn agus go bhfuil gach duine ag tarraingt le chéile le go mbeadh deire seachtaine taitneamhach agus spraoiúil agaibh anseo i gConamara agus go háirithe i Ros Muc. Gabhaim buíochas lenár gcairde sna paróistí timpeall orainn a thug cabhair dúinn chomh maith.

Mar fhocail scoir tá áthas an domhain orainn sibh a bheith linn agus tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as bhur n-am inár measc, go dtabharfaidh Dia slán abhaile sibh agus go mbuailfimid lena chéile arís.

**Mattie (Cevan) Ó Nia**
**Cathaoirleach an Choiste Áitiúil**

CONAMARA LOCAL TRANSPORT PARTNERSHIP
BEALACH
PÁIRTNÉIREACHT IOMPAIR ÁITIÚIL CHONAMARA

**BEALACH,**
**Aonad 5A,**
**Ionad Fiontair Chárna**
**Carna,**
**Co. na Gaillimhe.**

**AG CEANGAL DAOINE AGUS ÁITEANNA LE CHÉILE**
**Gaeltacht na Gaillimhe & Árainn**

Is seirbhís bus áitúil é BEALACH atá ag gníomhú i do cheantar chun deis a thabhairt do dhaoine freastal ar sheirbhísí áitiúla, mar shampla na siopa, Oifig an Phoist, ionad lae srl, agus chun ceangal le seirbhísí iompair eile. Tá conradh ag BEALACH le lucht iompair áitúil chun an tseirbhís bus a chur ar fáil i do cheantar.

**Chuile eolas le fáil tré glaoch a chur ar**
**Maggie 095 32802**
**Uaireanta oifige Luan - Aoine 9rn - 5in**

---

**AN TIONSCNAMH IOMPAIR TUAITHE (RTI)**

---

**Teil/facs: 095 32802**

**Gach Rath ar an gComórtas**

NDP

EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS







**Coiste na Páirce 2002**
**Ar chúl ó chlé:** Éamonn Seoighe, Pádhraic Ó Fiannachta, Cormac Ó Conaire, Seosamh Ó Confhaola, Pádhraic Ó Mainnín, Antaine Ó Mainnín
**Chun tosaigh ó chlé:** Seán Ó Confhaola, Tomás Ó Máille, Seosamh Ó Cualáin, Róisín Uí Shúilleabháin, Séamus Ó Fiannachta

*Gach rath ar an gComórtas*
*ó*

***Comhairle Ceantar na nOileán Teo.***

Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-551922 Faics: 091-551921
r-phost: ceantarnanoilean@eircom.net

# Ostán Chuan Charna

Carna

Fón: 095-32255 carnabay@iol.ie

LÓISTÍN - BIA - BEÁR

★★★




*Go n-éirí an t-ádh leis an gcomórtas*

# *Teach Ghlinnsge*

Carna

**Fón: 095-32846/32279 glynsk@iol.ie**

**CRAFTSHOP - BIA - BEÁR**



*Comhghairdeachas & gach rath ar an gComórtas*





# Máirtín Ó Mainnín



"SEIRBHÍS DÓITEOIRÍ OLA"

Annagaire Thiar,
Annagaire,
Co. Dhún na nGall

Gach eolas:-
**(087) 7863279**
**(074) 9548080**

**Conraitheoire Pluiméireacht - Cláraithe le C2**

*"Go n-éirí an t-ádh leis an gComórtas"*

# Tigh Mhic Dhonnchadha

Cill Chiaráin

**OLLMHARGADH**

Siopa Búistéara
Nuachtáin




Siopa Grósaera
Gas agus Gual

**OIFIG AN PHOIST**

Fón: 095 – 33406
Fax: 095 – 33609

*Take the wind out of your* ***ESB BILLS*** *and use it to generate your own green energy with a Proven wind turbine. Get paid for electricity you feed back to the grid.*
*Reduce your carbon foot print.*




For free site assessment contact you **RES approved Proven Agent**
**Paraic Conneely, Rosmuc, Co. Galway**
**087 2481233**
Or visit our website: www.res.ie

# Rock Splitting
# Chemical & Hydraulic

**Paraic Conneely**
Garafin, Ros Muc, Co. Galway
**(091) 574142 (087) 2481233**










# Fáilte ó Chathaoirleach Coiste na Páirce



**Pádraic Ó Conghaola**
Cathaoirleach Coiste na Páirce

Thar cheann Coiste Páirce Peile na bPiarsaigh agus ar son phobal Rosmuc, ba mhaith liom fáilte ó chroí a chuir roimh chuile dhuine atá ag tabhairt cuairt air an bparóiste le haghaidh Comórtás Náisiúnta Peile na Gaeltachta 2009.

Is ábhar mórtais dhúinn go bhfuil an Comórtas Gaelach seo á reáchtáil faoi scáth Theach an Phiarsaigh, fear a rinne an oiread sin leis an nGaeilge a chuir chun cinn.

Is pobal an-scaipithe í pobal Rosmuc – ó cladach go sliabh. Faraor, áit ina bhfuil an dí-fhostaíocht faoi bhláth, ach is pobal bródúil muid agus ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug tacaíocht dhúinn leis an áis iontach seo a chuir ar fáil le haghaidh an Chomórtais – ó ceannacht ticéid lotto go dtí obair timpeall na páirce – nár laghad Dia sibh – tá toradh maith ar a gcuid oibre.

Tá muid fíor bhuíoch freisin do na pobail eile agus na coistí éagsúla a thug cúnamh go chineál ar bith dhúinn.

Go gcúitigh Dia sibh agus bainaigí sult as an deireadh seachtaine.

**Páraic Ó Conghaola**
**Cathaoirleach**
**Coiste na Páirce**

# HIGHWAY



## WASTE CONTROL SERVICES LTD

Wheatley Terrace Rd,
Erith, Kent,
DA8 2AP

Fón: 00 44 1322 3377778
Fón Póca: 00 44 7774 781925
Faics: 00 44 1322 337779
E-phost: highway.erith@btconnect.com

*Gach rath ar na Piarsaigh agus sibh ag reachtáil an Comórtas Náisiúnta.*

*Le gach dea ghuí ó*
*Paulie, Breda, Liam & Kerrianne (Mainnín)*
*(Moindearg - Londain)*




Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009



**Coiste na Páirce**
**Ar chúl ó chlé:** Pádraig Ó Mainín, Breandán Ó Cnámha, Éamonn Seoige
**Chun tosaigh ó chlé:** Róisín Uí Shúilleabháin, Proinsias Ó Máille, Pádraig Ó Conghaola, Seán Ó Confhaola



**1993 - Suíomh Pháirc Peile na bPiarsaigh**

# Cairealacht Chill-Bhride Teo.

An Fháirche (Clonbur),
Co. na Gaillimhe

K
S&G
CONSTRUCTION

**NATIONAL CHAMPIONS**
Overall Award for Excellence in Design or Construction in Concrete



**Fón: (094) 954 6262**
**Facs: (094) 954 5754**
**E-mail: kilbridesand@eircom.net**

BUILDERS - SAND & GRAVEL QUARRY
COMMERCIAL PROJECTS




An chuid agaibh atá ag Comórtas Peile na Gaeltachta i Ros Muc agus nach raibh anseo riamh cheana tá mé cinnte nach raibh sibh i bhfad ar an nGort Mór nuair a thug sibh faoi deara go bhfuil ainmneacha na bPiarsach – Pádraig agus Liam – breá láidir sa taobh seo tíre i gcónaí. Más cumann peile, páirc nó gairmscoil é ní dhearnadh dearmad ar oidhreacht na bPiarsach nuair a bhíothas á n-ainmniú. Ós ag caint air sin é, tabharfaidh sibh faoi deara go bhfuil lucht Ghairmscoil na bPiarsach ag comóradh i mbliana iad féin – 75 bliain ó shin a bunaíodh í – ceann de na gairmscoileanna is sine sa gcontae.


Ar ndóigh tá amharc agaibh ar Theach an Phiarsaigh ó pháirc an chomórtais. D'éirigh linn a chur ina luí ar na húdaráis na tomacha a ghearradh le go mbeadh feiceáil níos fearr agaibh air. Shíl muid go deimhin go mbeadh ionad tógtha faoi seo in aice le Teach an Phiarsaigh a thabharfadh léiriú ceart ar a shaol agus ar a shaothar ach tá an oiread moille á chur air go mbeadh imní ort anois nach mbeidh sé críochnaithe i gcomhair chomóradh céad bliain 1916! Mura mbeidh is scannall náisiúnta a bheas ann.

Ar aon nós tá súil agam go dtabharfaidh sibh cuairt ar an teachaín an fhad agus a bheas sibh anseo. Tá draíocht ag baint leis i gcónaí – is cuma céard a déarfas *"revisionists"* agus cneámhairí eile.

Sa mbliain 1903 a tháinig Pádraig Mac Piarais go Ros Muc i dtosach. Bhí sé cáillithe ina dhlíodóir agus é ceaptha go gairid roimhe sin ina eagarthóir ar pháipéar nuachta Chonradh na Gaeilge "An Claidheamh Solais". Séard a thug go Ros Muc é ná go raibh rang ar an nGort Mór d'fhir óga a d'fhéadfadh a bheith feilteach le bheith ina múinteoirí Gaeilge. Bhí

# CÚL BÁIRE

## CHONAMARA AGUS ÁRANN



**Seosamh Ó Cuaig**

Ar fáil i gcónaí ag:

**095-33428 nó 087-2194247**






deartháir mo sheanathar, Colm Ó Gaora, ar dhuine acu. Thit an Piarsach i ngrá le Ros Muc agus roinnt blianta ina dhiaidh sin chuir sé an teachaín á dhéanamh.

Is iomaí duine de na ceannairí náisiúnta a chaith seal in éineacht leis ann. Deireadh Proinsias Mac Aonghusa gur dóichí go raibh na daoine ar fad a shínigh *Forfhógra na Poblachta* ann – cés móite de Shéamas Ó Conghaile.


Ansin a bhí Pádraig Mac Piarais nuair a tugadh na gunnaí isteach go Binn Éadair. Scríobh sé litir chuig Joe McGarrity i Meiriceá ag déanamh gáirdeachas as an mbeart a bhí déanta agus ag iarraidh tuilleadh airgid le breis gunnaí a cheannacht. Tá an litir le fáil i gcónaí agus an seoladh ansin uirthi – "An Turloch, Ros Muc".

Ansin a bhí sé freisin nuair a scríobh sé an óráid a thug sé ar uaigh *Uí Dhonnabháin Rosa*. Ar an traein as an Teach Dóite a chuaigh sé go Bleá Cliath leis an óráid a thabhairt. Ar ndóigh is ar an traein a tháinig sé anoir an chéad lá riamh. Dá mbeadh traein le fáil go dtí an Teach Dóite i gcónaí nár mhór an gar do Chomórtas Peile na Gaeltachta é. Ach níl, agus tá daoine ann ar deacair dóibh a chreidsint go bhféadfadh sí a bheith ann. Ar ndóigh tá daoine ann freisin nach gcreideann go bhféadfaí bóthar nua a dhéanamh as Gaillimh go Scríb – théis a bhfuil de dheiseanna nua-aimseartha ann anois!

An fhad agus a bhí an Piarsach agus a chairde ag beartú réabhlóide sa teachaín os cionn na locha bhí fear eile ag iascach ar loch eile leathmhíle uaidh. Ba shin é Lord Dudley, Lord Lieutenant Shasana – an fear ba cumhachtaí sa tír. Cé go ndearna mé féin agus daoine eile scannán teilifíse faoi níl a fhios agam ar labhair siad le chéile riamh. Ach bhí siad anseo ag an am céanna – ionadaí Rí Shasana in Éirinn agus an fear is mó a bhí ag iarraidh cumhacht Shasana in Éirinn a bhriseadh.

In "Inver Lodge" a bhíodh Lord Dudley ag cur faoi. Ní dhéanfadh sé aon dochar díbh cuairt a thabhairt air sin freisin.

**Seosamh Ó Cuaig**









*Go-n-éirí an t-ádh libh ag reachtáil Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta*

*ó*

**SCHLEY ELECTRIC**

Bridge St., Clifden,
Connemara

Tel: (095) 21360

**T.V. RENTALS, HOUSEHOLD APPLIANCES, CALOR KOSANGAS AGENT, SATELLITE SYSTEMS.**

VAT. 9K24335F

*Ádh mór ar an gComórtas 2009 ó*

**Mikie Ó Flátharta**

Leitirdeisceart, Carna
Co. Na Gaillimhe



**087 9593329**

*Garraíodóir Cáilithe/*
*Qualified Landscape Gardener*

**Lackagh Rock**
QUARRY GROUP Limited

Recess, Galway.

**Tel: 095 - 34614 / 34737**

**Suppliers of:**
*Stone - Washed Sand*
*Aggregate Groung Limestone*
*Readymix Concrete Blocks*
*All Pre-Cast Products*
*Hollowcore Flooring*
*Cattle Slats*

**JOYCE'S**
**CRAFT SHOP**
**RECESS**
**CONNEMARA**
**IRELAND**

Telephone: 095-34604
Fax: 095-34712

**MARK JOYCE**

# Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

**Seosamh Mac Donncha**
An Coiléar Bán
B.A., A.T.O., T.T.G.
Baile Átha an Rí
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Co. na Gaillimhe

Teil: 091- 874260
Facs: 091- 874270
R-phost: enquiries@cogalvec.ie
Suíomh Gréasáin: www.countygalwayvec.ie

Guíonn Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe gach rath ar Chumann Peile Na Piarsaigh agus Comórtas Peile na Gaeltachta 2009.

*Comhghairdeas le foireann, scoláirí, tuismitheoirí agus iarscoláirí Ghairmscoil na bPiarsach agus le pobal Ros Muc, faoi cheiliúradh cothrom ama bhunú na Gairmscoile 75 bliain ó shin.*



Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

# Tí Mháille

Corr na Móna, Co. na Gaillimhe

## TEACH ÓSTA

**Fón: 094 - 9548002**

*Gach rath ar an gComórtas ó John & Eileen*

# Gannon SPORTS

**Best of luck to Na Piarsaigh, Carna Caiseal and Leitir Mor**

**Connemara's Complete Sports Store**
The Square, Clifden, Co. Galway.

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

# Áras Shorcha Ní Ghuairim

## Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna

**Cúrsaí Réamhollscoile agus Cúrsaí Oideachais den dara seans**

- An Clár i gCultúr Áitiúil – Tionscnamh Traenála Áitiúil i gComhar le FÁS a áiríonn Scileanna Teanga agus léargas ar an gCultúr Dúchasach cónasctha le scileanna ríomhaireachta.
- Ranganna labhartha Gaeilge do thosaitheoirí agus d'fheabhsóirí
- Ranganna ríomhaireachta do raon leathan spriocghrúpaí
  Cúrsaí Fochéime
- Dioplóma sa Ríomhaireacht don Riarachán Gnó – Cúrsa bliana lánaimseartha dírithe ar dhaoine ar mhaith leo fostaíocht a aimsiú mar riarthóirí oifige agus mar chúntóirí riaracháin.
- Dioplóma sna Teicneolaíochtaí Gnó – Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, dírithe ar dhaoine ar mhaith leo scileanna láidre nua-theicneolaíocha a aimsiú.
- Dioplóma i Léann an Traidisiúin – Cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain, oíche amháin sa tseachtain, ar a dtugtar léargas thar a bheith spéisiúil ar an gcultúr traidisiúnta agus an béaloideas.
- Dioplóma sa Ghaeilge – Scileanna láidre teanga idir labhairt agus scríobh a roinnt le daoine

**Cúrsaí agus Deiseanna Iarchéime**

- M.Sc. trí Thaighde sa Ríomhaireacht – deis do chéimithe cáilithe le Gaeilge tréimhse a chaitheamh i mbun taighde ar shainréimse de Theicneolaíocht na Faisnéise
- Tionscnaimh taighde a chonascann teanga agus teicneolaíocht ar bhealaí nuálacha
- Sainchomhairle i leith na Gaeilge agus na Nuatheicneolaíochta

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

**Tuilleadh eolais:**
**Fón: 095 – 32834**
**Facs: 095 - 32836**
**Ríomhphost: nora.uishuilleabhain@oegaillimh.ie**
**www.acadamh.ie**






# Tool & Plant Hire

Na Doireadha, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe

**Charlie Conneely Motors**
(091) 572197 (087) 2025675


**Innealra ar Chíos**
Concrete Mixers - Con saws - Mini Diggers
Whacker Plate - Concrete Vibrator - Compressors
Generators - Dumpers - Kango Hammers etc.

# Garáiste Phádraic Mhac Donnacha



**Sruthán An Cheathrú Rua Co. na Gaillimhe**
**Fón 091-595372**

Painéal Peileadóirí na bPiarsaigh do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2009



Ar chúl: Seán Ó Mainnín (Roghnóir), Seán Ó Flatharta, Pádraig Seosamh Ó Flátharta, Máirtín Ó Mainnín (Bainisteoir), Gearóid Mac Donnacha, Micheál Ó Súilleabháin, Oisín Ó Conaire, Shane Ó Caisín, Cathal Ó Mainín, Stiofán Ó Gríofa, Briocán Ó Mainnín, Peadar Ó Conaire, Seán Ó Mainnín, Darren Griallais, Brian Ó Cléirigh, Tomás Seoighe (Caiptín), Tomás Ó Flátharta (Roghnóir), Ciarán Ó Conaire (Roghnóir), Stiofán Ó Fátharta agus Micheál Breathnach.
Chun tosaigh: Diarmuid Ó Mainnín, Micheál Ó Mainnín, Tomás Breathnach, Tomás Ó Loideáin, Seán Ó Conaire, Seán Ó Conghaola, Deaglán Ó Flátharta, Daithí Ó Cléirigh, Peadar Ó Conghaile, Rónán Ó Conaire, Máirtín Seoighe, Micheál de Búrca, Criostóir Ó Fiannachta, Máirtín Ó Fátharta agus Antoine Ó Cuanaigh.



# CLG Na Piarsaigh

## CUMANN PEILE NA bPIARSAIGH ROSMUC, CO. NA GAILLIMHE.

Bunaíodh Cumann Peile na bPiarsaigh sa mbliain 1959 agus bhí an fhoireann déanta suas do imreóirí as Rosmuc, Cárna, Leitir Móir agus an Cheathrú Rua. De réir a chéile bhunaigh na ceantracha eile a gcuid cumainn fhéin. Imríonn peileadóirí as Rosmuc, Camus, Srath Salach agus An Chaiseal leis an gcumann anois.

Sé dathanna feisitis ár gCumann ná Maroon agus Uaithne.

Go dáta bhuaigh Na Piarsaigh Craobh Sóisir an Iarthair sa mbliain 1965 agus arís i 1988. Bhuaigh muid Comórtas Sraithe Sóisir an Iarthar sa mbliain 1994 agus 1995. Ghlac muid páirt i gComórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta i 1989 i nGleann Cholm Cille, ach fuair Cill Chárthaigh an ceann is fearr orainn sa gcluiche ceannais sóisear. Sa mbliain 1997 bhuaigh muid Comórtas Sóisir Conamara do Chomórtas Peile na Gaeltachta, ach, níor éirigh linn san gComórtas Náisiúnta. Arís i 2005, bhí muid buaiteach i gConamara, ach níor éirigh linn sna Cluichí Náisiúnta a bhí ar siúl i gCill na Mártra.

Bhuaigh Foireann Faoi-14 an chumainn comórtas sraithe an chondae sa mbliain 1994 agus is formhór an fhoireann sin atá ag seasamh an fód dhúinn anois. Bhuaigh scoileanna náisiúnta an pharóiste Comórtas Scéim Peile Phádraigh Ó Conaire i 1998 agus 2005 agus bhuaigh foireann na gcailíní é i 2005 agus 2008. Bhuaigh siad Comórtas Chonnacht Gael Linn i 2001 agus 2002. Bhuaigh Scoil Naisiúnta Gortmór / Camus Comórtas peile na bunscoileanna sa Iarthar i 2005 agus bhuaigh Scoil Naisiúnta an Turlaigh Bhig Comórtas Peile A na mbunscoileanna an Iarthar i 2007. Ba iontach na héachtaí iad seo do phobal beag agus tá muid an rí-mhéadach agus bródúil astu uilig.

Is pobal beag í paróiste Rosmuc atá buailte le imirce agus ceall oibre le blianta fada ach tá muid ag súil i gconaí go dtiocfaidh feabhas ar ár gceantar. Is cuid don fheabhas sin ná forbairt páirc peile, seastán agus seomraí feistis nua ag an nGortmór, Rosmuc. Tá muid thar a bheith bródúil as an obair seo a thóig Coiste Páirce na bPiarsaigh ar láimh sa mbliain 1993.

Bhí an Comórtas Áitiúil Peile na Gaeltachta againn don chéad uair ariamh i rith an chéad deire seachtaine do mhí Bealtaine 2002 agus arís i 2004. Bhí Oscailt Oifigiúil na Páirce i mí Aibreáin 2002 againn – ar an lá sin d'imir foireann Sinsir na Gaillimhe cluiche dúchláine i gcoinne Tír Chonaill agus bhí sé thar barr.

Le blianta siar bhí roinnt laochra sa bpobal a bhain aitheanta amach dhóibh fhéin ó thaobh chursaí spóirt agus seo a leanas cur síos gairid orthu:

*Go n-éirí go maith libh ag reachtáil an Comórtas Náisiúnta do 2009*
*ó*

## Cumann Peile Naomh Pádraig
An Fháirche

Neart in Aontas





(a) Bhain Máirtín Ó Mainnín as an Turloch, Rosmuc bonn uile Éireann amach le Foireann Mionúr Bhaile Átha Cliath sa mbliain 1956.

(b) Sa mbliain 1967 bhuaigh Micheál Ó Mealóid as Camus agus Maitiú Ó Ciarragáin as an Srath Salach, bonn Craobh Sinsir na hÉireann Peile le Co. na Mí. D'aistrigh siad go Rath Chairn, Co. na Mí lena gcuid theaghlaigh sa mbliain 1956.

(c) Bhuaigh Máirtín Ó Súilleabháin as Camus, Craobh Chonnacht Peile le Coláiste Mhuire sa mbliain 1969 agus ba iad Coláiste Naomh Breandán as Cill Áirne a fuair an ceann is fearr orthu sa gcluiche ceannais náisiúnta.

(d) Bhuaigh Séamus Ó Máille as Rosmuc Craobh Peile Laidhin le Coláiste Gormanstown sa mbliain 1972 agus d'imir sé mionúir na Gaillimhe sa mbliain 1973 ach níor éirigh le Gaillimh an bhlian sin.

(e) Bhain Micheál O Máille as Rosmuc Craobh na hÉireann amach le Coláiste Iarthla, Tuaim sa mbliain 1984.

(f) Bhuaigh Criostóir Ó Fiannachta Craobh Chonnacht Peile i gComórtas Ted Webb (Faoi 16) sa mbliain 1994 agus bhí sé ar fhoireann sinsir pheile Londain sna blianta 2002 agus 2003.

(g) Bhuaigh Micheál Ó Súilleabháin Craobh Chonnacht agus Sraith Chonnacht Peile le Foireann Mionúr na Gaillimhe i 2003.

(h) Bhain Tomás Ó Griallais agus Micheál Ó Súilleabháin craobhanna Chonnacht amach le Foireann Peile Gairmscoileanna na Gaillimhe i 2002, 2003 agus 2004.

(i) Bhí Tomás Seoighe ar fhoireann Ted Webb na bliana 2003.

(j) Bhuaigh Brian Ó Mainnín Sraith Chonnacht le Mionúr na Gaillimhe i 1999.

Bhuaigh muid Corn Seosamh Ó Loideáin i gComórtas Soisear Peile na Gaeltachta 2005 agus rinne muid ionadaíocht go Chonamara san Roinn Soisear sna Comórtaisí Náisiúnta le linn deireadh seachtaine na cincíse i gCill na Martra.

Chomh maith leis an fhoireann seo tá Foireann Soisear C againn agus tá muid comhnascaithe le Cárna/Caiseal ag Faoi 21, Mionúr agus Faoi 16, 14 agus 12 le trí bliana anois.

**Roisín Uí Shuilleabháin**
**Cathaoirleach**

**OIFIGÍ AN CHUMAINN**

**Uachtarán**: Maitiú Ó Niaidh
**Cathaoirleach:** Róisín Uí Shuilleabháin
**Leas-Chathaoirleach:** Briain Seoighe
**Rúnaí:** Cathal Ó Mainnín
**Leas-Rúnaí:** Áine Uí Ghríofa
**Cisteoir**: Micheál Ó Cuanaigh
**Leas-Chisteoir:** Tomás Ó Máille
**OCP:** Cormac Ó Conaire

Go n-éirí an t-ádh libh ag reachtáil an Comórtas Náisiúnta

Le gach dea-ghuí
ó

# Cumann Peile Mhaigh Cuilinn





# CLG Rinn Ua gCuanach



**OIFIGIGH 2008 -**
**Uachtarán:** Tomás Ó Cadhla
**Cathaoirleach**: Pádraig Ó Catháin
**Leas-chath:** Éanna de Faoite
**Rúnaí:** Tomás Mac Craith
**Cisteoir:** Tomás Ó Curraoin
**OCP:** Micheál Ó hUallacháin
**Bainisteoir Peile:** Noel Ó Murchadha
**Roghnóirí:** Maitias Ó Maoldomhnaigh, Domhnall Ó Murchadha
**Bunaíodh:** 1890
**Dathanna An Chumainn:** Gorm agus ór
**Ionad Imeartha:** Páirc Uí Shíocháin
**Stádas:** Peil sinsir agus sóisear
Iomáint sinsir agus sóisir

Foirne fé aois - fé 12 go fé 21 peil agus iomáint leis An Ghaeltacht - comh fhoireann lenár gcomharsan sa Sean Phobal.

**Buanna:** Craobh Peile Idirmheánach Phort Láirge 1996, 2005. Craobh Sóisir Peile Phort Láirge 1924, 1962, 1991. Craobh Iomána Idirmheánach Phort Láirge 2008. Craobh Sóisir Iomána Phort Láirge 'B' 1987, 'A' 1991. Craobh sóisear Iomána na nIar-Dhéise (foirne taca) 2007, 2008

**Comórtas Peile na Gaeltachta**
Tánaistí Sóiseara 1993
Tánaistí Sóiseara 2002
Buaiteoirí Sóiseara 2008

Craobh Peile Fé 21 Phort Láirge 1967. Craobh Peile Fé 21 B Iarthar Phort Láirge 2008. Craobh Mionúir Peile 'A' Phort Láirge 1954, 1955. Craobh Mioniúr Peile 'B' Phort Láirge 1993, 2003, 2004, 2008. Craobh Iarthair Phort Láirge Peil Fé 21 'A' 1967, 1991. Craobh Iarthair Phort Láirge Peil Idirmheánach 1974,1993, 1994, 1996, 2001, 2005. Craobh Iomána Sóisir 'B', Iarthar Phort Láirge 2007. Craobh Iomána Sóisir 'A', Phort Láirge 1991. Craobh Iomána Sóisir 'B' Phort Láirge 1987. Craobh Iomana Fé 21 Phort Láirge 1989. Craobh Iomana Fé 21 Iarthair Phort Láirge 1989, 1991.

Tá súil againn go n-éireoidh go hiontach
libh ag reachtáil
Comórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta 2009

ó

# Cumann Peile Rinn Mhaoile






**Painéal na Rinne do Chomórtas Peile 2009 i Rosmuc**

1. Tom Ó Cadhla
2. Seán Ó hArtaigh
3. Cillian Ó Murchadha
4. Eoghan Breathnach
5. Seán Ó Drócháin
6. Noel Ó Murchadha
7. Pádraig Ó Drócháin
8. Shane Ó Ceallaigh
9. Mike Ó Tóibín
10. Pádraig Ó Murchadha
11. Liam Ó Lonáin
12. Tadhg Ó hUallacháin
13. Billí Breathnach
14. Cian Ó Conchúir
15. Ferdia Ó hAodha
16. Aonghus Ó hEochaidh
17. Déaglán Ó hArtaigh
18. Seamus Ó Lonáin
19. Pádraig Ó Liatháin
20. Nioclás Ó Lonáin
21. Paddy Ó Catháin
22. Pádraig Ó hArtaigh
23. Dara Ó hIarlaithe
24. Séimí Mac Craith
25. Tomás Ó Droma
26. Liam De Grás
27. Eanna De Faoite
28. Eugene Ó Faoláin
29. Lorcán Ó Muirí
30. Éanna Ó Ceallaigh
31. Micheál Seán Ó Murchú
32. Micheál ó Dúnaibh
33. Seosaimh Ó Raghallaigh
34. Dónaí Ó Murchadha
35. Ciarán Ó Manacháin
36. Darach Breathnach

THE ARDILAUN



HOTEL CONFERENCE AND LEISURE CLUB
****GALWAY CITY

The Perfect Choice for Business—*Rogha Iontach don ghnó*
The Ideal Galway Venue—*Ionad Iontach i nGaillimh*
***Conferences, Seminars, Business Meetings, Business Centre, Product Launches, Private Luncheons & Dinners, Corporate Hospitality & Entertainment***

| | | |
|---|---|---|
| Competitive Corporate Rates<br>Extensive Conference facilities<br>Wired & Wireless Broadband | Dedicated Boardroom<br>6 Syndicate Rooms<br>Business Centre | Connacht Suite – 650 Persons<br>Glenarde Suite – 180 Persons |

The Perfect Choice for Leisure—*Rogha Iontach chun do scíth a ligint*
*125 Luxurious Bedrooms set in quiet, relaxed surroundings, 5 acres of grounds, Camilaun Restaurant, Blazers Bar, Private Dining for all occasions. Superb Leisure Club. Golf, Tennis, Squash, Pitch & Putt, Beach & City Centre only 5 minutes drive from hotel.*

# C.L.G., An Spidéal

C.L.G. AN SPIDÉAL

BRÓDÚIL CROÍÚIL GAELACH

*Guímid gach rath ar*
*Chumann Peile na bPiarsach*
*in eagrú*
*Chomórtas Peile na Gaeltachta '09*





# CLG An Ghaeltacht

Siar amach sna triochadaí & daicheadaí bhí ré órga na caide in Iarthar Chiarraí ach is fén ainm Na hAghasaigh a bhí có fhoireann Lios Póil, An Daingean agus An Ghaeltacht tréimhse ina mbuadar chúig chraobh contae. Fiú bhí tamall agus bhí foireann ag Ceann Trá féin a bhí i gcluiche ceannais Iarthar Chiarraí agus ní go dtí 's na caogadaí go gcuadar leis an nGaeltacht.

Sa bhliain 1976 bhuaigh An Ghaeltacht Craobh Sóisir an Chontae. Bhí CLG Na Gaeltachta fé bhrat Iarthar Chiarraí go dtí go mbuadar Craobh Chomartas Idir Mheánach an Chontae i 1998 i gcoinne An Daingin agus an bhliain dár gcionn bheartaigh An Ghaeltacht dul neamhspléach i gCraobh Chomartas Sinsir Caide Chiarraí. Fanfaidh Deireadh Fomhair 2001 i gcuimhne lucht leanta na caide in Iarthar Dhuibhneach, mar don gcéad bhabhta riamh bhí Craobh Sínsir Caide an Chontae & Corn an Easpag Uí Mhuineacháin gafa lastiar do Dhroichead Bhaile an Mhuilinn, taréis buachtaint ar Aibhistín de Staic.

I 2003 bhuaigh An Ghaeltacht Craobh an Chontae taréis ath imirt in aghaidh Fhá-naithe na Leamhna agus chuir leis an éacht seo agus bhuaigh Craobh Ceannais na gClub i gCúige Mumhan in naghaidh Cumann Naomh Seannán Co. an Chláir.

Tá deich mblianna ó bhuaigh An Ghaeltacht Comortas Peile na Gaeltachta. Bhuaigh An Ghaeltacht roimis sin fé Chorca Dhuibhne '95 & '96 agus leis Na hAghasaigh 1972, 74 & 77. Is i 1990 go deirneach a bhí Comartas Peile na Gaeltachta i nGallaras.

**Painéal Sínsir Caide na Gaeltachta Ciarraí Comórtas Peile na Gaeltachta 2009**

1. Tomás Mac an tSaoir
2. Ricí Aghas
3. Dáithí Ó Sé
4. Colm Ó Muircheartaigh
5. Colm Ó Ciobháin
6. Brian Ó Móráin
7. Ciarán Ó Céilleachair
8. Pól Ó Cuinn
9. Eoin Mac Gearailt
10. Micheál Ó Sé
11. Seán M Ó Conchúir
12. Tomás Ó Conchúir
13. P.J. Mac Gearailt
14. Cathal Mac Gearailt
15. Muiris Mac Gearailt
16. Marc O Mainnín
17. Tomás Óg Ó Conchúir
18. Seamas Mac Gearailt
19. Tomás Mac Gearailt
20. Tadhg Ó Ciobháin
21. Roibeard Mac Gearailt
22. Piaras Feirtéir

**Bainisteoir:**
Tommy 'Beag' Ó Muircheartaigh


**Roghnóirí:**
Micí Ó Conchúir & Máirtín Ó Cuanaigh

Cumann Mícheál Breathnach

Seilg i Measc na nAlp

GAA Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe GAA

Ba mhaith le
Cumann Mícheál Breathnach
gach rath a chuir i n'úil do
Chumann Peile na bPiarsaigh
don Comórtas



www.michealbreathnach.com






# CLG An tSean-Phobail



Club beag tuaithe isea CLG an tSean-Phobail, lonnaithe idir na sléibhte agus an fharraige sa Sean-Phobal i nGaeltacht na nDéise, Co. Phortláirge. Seo é an chéad uair dúinn a bheith ar bóthar ag glacadh páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta.

Cé gur fada sinn ó ré órga an chub ins na daicheadí agus na caogaidí nuair a bhuaigh an Sean-Phobal Craobh Peile Sinsir an Chontae tá dul chun cinn nach beag déanta againn ar shlite eile ón am sin i leith. Ina measc seo tá forbairt déanta againn ar ár bpáirc peile, Páirc Cholmáin agus áirítear í ar cheann des na páirceanna is fearr sa chontae. Osclaíodh don gcéad uair í i 1984 agus ar an ocáid sin d'imir An Sean-Phobal in aghaidh Nua Eabrach. De réir ráite bhí an club ar an gcéad club in Eirinn chun cluiche a imirt in aghaidh foireann idir náisiúnta! Go deimhin, úsáideadh an pháirc chun roinnt cluichí a imirt le linn do Chomórtas Peile na Gaeltachta a bheith á reachtáil ag CLG na Rinne roinnt blianta ó shin.

**Siad oifigí an Chub Sóisir seo ná:**
**Cathaoirleach:** Pádraigh Ó Curraoin
**Rúnaí:** Áine Uí Ogán
**Cisteoir:** Lúcás O Briain
**OCP:** Breandán O hOgáin

**Foireann an tSean Phobail Co.Portlairge**

1. Tomás Ó Gealbhain
2. Padraig Ó Ceitinn
3. Padraig Ó Conbhuí
4. M.S. Ó Ceitinn
5. Stiofán Ó Conbhuí
6. Maidhc De Paor
7. Shane De Paor
8. Ivan Ó Murchú
9. Cormac Ó Innseadúin
10. Reamonn De Paor
11. Reamonn Turraoin
12. Michael De Paor
13. Michael Ó Maolallaí
14. Tomás Ó Cuirrín
15. Sean Uada
16. Aodhán de Paor
17. Padraig Ó hEalaithe
18. Breandán ó hógain
19. Caoimhín de Paor
20. Daithi ÓEathírn
21. Morgan ó mionbhial
22. Criostóir Sadeki

*Ba mhaith le*

# Cumann Lúthchleas Gael An Cheathrú Rua

*gach rath a ghuí ar*
*Chumann Peile na bPiarsaigh*
*agus Comórtas Peile na Gaeltachta*
*á reachtáil agaibh.*
*Go n-éirí go geal libh!*





# CLG Ard a'Ratha

Ón lá a bunaíodh CLG Ard a' Rátha ar an t-aonú lá fichead de Dheireadh Fomhair 1921 tá ról lárnach ag baill den Chlub seo i bhforbairt CLG ní amháin sa chlub áitiúl ach fosta sa chondae. Anall fríd na blianta oilleadh imritheoirí agus riarathóirí anseo a bhain clú agus cáil amach dóibh féin agus don chlub ar fud na tíre, i Sasana agus i Meiriceá. B'é Pádraig Ó Gallachóir atá anois ina bhainisteoir ar an fhoireann shinsir an chéad Conallach a d'ardaigh corn i bPáirc An Chrocaigh nuair a bhain Dún na nGall Craobh na hÉireann i gcomórtas scoileanna gairmoideachais agus cha ndeanfaimid dearmad ar an lá sin choíche i 1992 nuair a d'ardaigh Antoine Ó Lúdhóg Corn Mhic Uighir.

I bPáirc An Phiarsaigh tá dhá pháirc peile, ceann amháin faoi shoilse, páirc traenála agus ceithre sheomra feistis. Tá an fhoireann shinsir cúig bliana is tríocha i Roinn a hAon den tSraith gan bhriseadh.

**OIFIGÍ-**

| | |
|---|---|
| **Uachtarán:** | Proinnsias Ó Braonáin |
| **Cathaoirleach:** | Seán Mícheal Ó Domhnaill |
| **Rúnaí:** | Seán Máirtín Ó Beirne |
| **Cisteoir:** | Stiofán Mac Cathmhaoil |

**An Cumann i gComórtas Peile na Gaeltachta -**

Bhuamar Comórtas na Sinsir i dTir Chonaill i 1977, '79, '80, '84 agus 2009 agus an Comórtas Náisiunta i 1998.

**Comórtaisí Peile Dhún na nGall -**
Craobh na Sinsir:1923, 1926, 1928, 1981, 2000 agus 2004.
Sraith na Sinsir: 1931, 1943, 1989,2000 agus 2004.
Sciath na Sinsir: 1977,1979, 1980, 1984.

I measc na n-imreoirí mór le rá a d'imir don Chlub tá; Charlie Mac Duibhir, Vinny Mac Aoidh, Frankie Ó Braonáin, Paddy Prendergast as Mhaigh Eo, Antoine Ó Lúdhóg, Mairtín Ó Gaibheacháin a bhí ina leas-chaptaen ar fhoireann na hÉireann san Astráil i 1993, Damien Ó Duibhir agus Ciarán Ó Cian-naidh. D'imir Breandan Ó Baoill ar fhoireann na hÉireann faoi 17 san Astráil i 1999. Tá Breandan ar fhoireann shinsir Dhún na nGall faoi láthair.

**Peil na mBan**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach:** | Siobhan Ní hAoine |
| **Rúnaí:** | Carolín Ní Bhreisleáin |
| **Cisteor:** | Mairéad Ní Fhuaruisge |

Cuireadh tús le Peil na mBan i 1992 agus ó shin i leith tá ag éirí go geal leis na cailíní i gcomórtaisí faoi aois sa chondae. Tá craobha bainte amach acu faoi 14, faoi 16, faoi 18 agus Comórtas Peile na Gaeltachta. I measc na n-imreoirí is cumasaí a d'imir don chondae tá Carolín Ní Bhreisleain, Charlene Nic Aoidh, Mairead Ní Ghallchóir agus Aoife Nic Domhnaill.

**Paineál na Sinsir -**
Conchúr Ó Curráin
Padraig Mac Craith

# Siopa Dowd

ESSO

**Carna**
**Conamara**
**Fón /facs: 095-32882**

Cártaí Mháirín

# Ó Dubhda, Tógalaí

*Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig ár gcustaiméaraí ar fad.*






Éamonn Ó Dochartaigh
Mícheál Ó Dochartaigh
Peadar Mac Aoidh
Stiofán Mac Aoidh
Caoimhín Ó Beirne
Stiofán Mac Giolla Dé
Cionnaith Ó Dochartaigh
Séamus Mac Conaill
Gearóid Mac Concarra
Breandan Ó Baoill
Deaglan Ó Gaibheacháin
Nollaig Ó Gallchoir
Oisín Ó Domhnaill
Proinnsias Ó Duibhir
Damien Ó Duibhir
Tomás Mac Uimhir
Nioclás Mac Uimhir
Pádraig Ó Gallchóir
Ciarán Ó Breisleáin
Peadar Mac Niallais



Stiofán Ó Baoill
Deaglan Ó Gallchóir
Mairtín Mac Suibhne
Darren Mac Úimhir

**Foireann Bainistíochta:**
Pádraig Ó Gallchoir, Seán Ó hEigeartaigh, Ted Ó Breisleáin agus Éamonn Mac Giolla Uain.






**Tigh Neil**
**Inverin**
**Co Galway**

- HARDWARE
- ANIMAL FEEDS
- CARWASH
- COAL
- CEMENT
- LOW COST FUEL
- HOME DELIVERIES

**NOONE TYRES ON SITE**

**OPENING TIMES:**
**MON – SAT : 08:00 – 21:00**
**SUN & B/HOLS : 09:00 – 21.00**

**SHOP: 091593386**









Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

# CLG Baile an Chaisil



**Stair an chumainn:**

Chomh fada siar le 1892 bhí peil á imirt i mBaile an Chaisil. In 1898 chuaigh foireann siar chuig Beál Deirg, an chuid den pharóiste atá laistigh den Ghaeltacht chun cluiche a imirt. Tugadh "the 98's" ar an bhfoireann sin.

I 1916 bhain Baile an Chaisil craobh sóisear an chontae, rud nár éirigh leo a dhéanamh ó shin. Is sna tríochadaí a tháinig an chumainn chun cinn. Chaill siad an craobh sinsear i 1931,1932,1933 agus 1934. Bhain siad croabh idirmhéanach i 1935 agus bhuaigh siad an craobh sinsear i 1936, 1937 agus 1939 agus bhí lad óg ar an fhoireann i 1939 dárbh ainm Tom Langan, fear a roinneadh ar foireann an millennium agus a bhuaidh craobh na hÉireann le Maigh Eo i 1950 agus 1951. Ní raibh a ndóthain imritheoirí le haghaidh foireann i rith na seascadaí ach bunaíodh an chumainn arís i 1970. De bharr ráth contae an Dún ag deireadh na seascadaí beartaíodh ar dathanna dearg agus dubh a chaitheadh.

Bhain Baile an Chaisil trí craobh sóisear tuaisceart Maigheo i 1981, 1993 agus 2002 ach theip orthu i craobh an chontae sna blianta sin. S'é seo an dara bliain don chumainn glacadh páirt i Comórtas na Gaeltachta.


**An Painéal:**

1. Máirtín Ó Flanartha
2. Seán Mac an Ultaigh
3. Daniel Mac Giollarnaith
4. Seán Pól Ó Guiheen
5. Seán Ó Céaraigh
6. Daniel Ó Ceallaigh
7. Gearóid Ó Nealláin
8. Shane Mac Giollarnaith
9. Shane Ó hEalaí
10. Shane Mac Éil

## Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Tel: 091 593307; cic@iol.ie
www.cic.ie

Réimse leathan leabhar agus dlúthdhioscaí ar fáil ó Chló Iar-Chonnachta

www.cic.ie




**Lá an Phaoraigh** – Seán Óg agus Aoife de Paor

Saol agus saothar ghaiscíoch peile na Ceathrún Rua agus na Gaillimhe, Seán Óg de Paor

Léargas iontach é an leabhar seo ar na híobairtí, ar na laethanta glórmhara, ar an díomá agus ar an chomrádaíocht ... – The Irish News

This is a superb and educational read ... – The Hogan Stand

*Guímid chuile rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta*





11. Fergus Ó Thaidhg
12. Andrew Ó Thaidhg
13. Padraig Ó Thaidhg
14. Marc Ó Gacháin
15. Mícheál Mac Giollarnaith
16. Stiofáin Ó Néill
17. Aodhán Ó Thaidhg
18. Shane ó Breaslúin
19. Mícheál Ó Siúcais
20. Máirtín Ó Gairdéir
21. Deaglán Mac Conghamhna
22. Diarmaid Ó Ceallaigh
23. Padraig Mac an Ultaigh
24. Tomás Ó Gacháin
25. Brian Ó hÉalaí
26. Antoine Ó Thaidhg
27. Alan Ó Murchú
28. Jason Ó Néill
29. Pól Ó Faoláin
30. Máirtín Ó Hiofráin

**Bainisteoir**: Micheál Ó Coilleán

## Taibhdhearc na Gaillimhe
amharclann náisiúnta na gaeilge

**An tSráid Láir, Gaillimh.**
**Guthán: (091) 562024 / 563600 Faics: (091) 563195**
**R-phost: eolas@antaibhdhearc.com**
**Suíomh Idirlíon: www.antaibhdhearc.com**

GLÓR
Le Ceoltóirí na Taibhdheirce
3 – 6 Meitheamh 2009 ag 8.00pm
Séipéal San Nioclás, Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.
Ceol Cláirsí Traidisiúnta, Seoda ón Opera agus Ceol Clasaiceach Gaelach
faoi stiúir Tom Cullivan & Micheál Ó hAinnín
Cripil Inis Meáin le Martin McDonagh
aistrithe ag Micheál Ó Conghaile
Seanscoil Sailearna, Indreabhán
Le linn Féile Ealaíona na Gaillimhe (13-26 Iúil 2009)

*Gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2009!*

# CLG CÁRNA/CAISEAL

*Gach rath oraibh agus sibh ag reachtáil*
*Comórtas Náisiúnta*
*Comórtas Peile na Gaeltachta*
*don chéad uair ariamh.*
*Comhghairdeas agus go n-éirí an t-ádh libh.*





# CLG Cárna/Caiseal



**Peil i gCárna**

Bhí foireann peile i gCárna le cuimhne daoine, agus peil dhá lascadh ar an bplantation. D'imir an gascíoch iomráiteach Hugo Carey leis an gcumann sna tríochaidi, agus bhain craobh uile Éirinn le Gaillimh i 1938.

Tháinig lag trá ansin sna caogadaí agus ní raibh foirne dá gcur chun paírce, ach d'imríodh roinnt fir óga le foireann na bPiarsach a bhí bunaithe i Rosmuc. Sa mbliain 1963 a bunaiodh club Chárna le cúnamh mór ó leithidí Johnny Simon, Paraic a'Chosgartha, Cóilín McGrath, Gerry Sheahan agus daoine eile. Chuaigh fir óga an pharoíste i mbún báire arís.

I 1966 búnaiodh cumann peile na n'óg i gCárna agus chuaigh an fhoireann fe16 go cluiche ceannais an chontae an chéad bliain ar ghlac siad páirt, ach chlis orthu B'iad na lads óga seo cnámhdroma na bhfhóirne a bhí le cliú agus cáil a bhaint amach do Chárna sna blianta idir 1970 go dtí an buaicphointe 1978, nuair a sciob siad leo Craobh Naisiúnta Comórtas Peile na Gaeltachla sna Sóisir i nGleann Choilm Cille.

Idir 1970 agus 1978 bhí Cárna in árd a réime, 1973 Craobh Iarthar na Gaillimhe buaite, agus gan dearmad air, bhí ochtar as Cárna ar fhoireann buacach Chonamara a bhain Comortas Náisúinta Chómortas Peile na Gaeltachta i 1970. B'iad sin Paraic ó Coirbín, Johnny Pha-teen Ó Maoilchiaráin, Pasty Ó Maoilchiaráin, Tommy Ó Caonaigh, Joe Lydon, Benny Coyne agus Séamus Mhichael Choilm.

Timpeall 1979 bhí cuid de na leads seo ag dul in aois agus fonn siúlóide ar chuid eile. Bhí obair gann sa mbaile agus an imirce flúirseach, dhá bhrí sin thit an cumann as a chéile. Bhí deire ré tárlaithe, rud a d'fhág féar fada ag fás sa bPlantation.

**An pheil ar an gCaiseal**

Sna 1950 agus sna luath 60í bhíodh

C L S
COMPLETE LABORATORY SOLUTIONS

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO
ROS MUC
CO. NA GAILLIMHE
TEIL: 091-574355
FAICS: 091-574356

info@cls.ie
www.completelabsolutions.com

ISO 17025
INAB
ACCREDITED
TESTING
DETAILED IN SCOPE REG NO. 109T

ISO 9001
EQA
QUALITY ASSURED FIRM





peilidóirí an Chaisil ag imirt le Naomh Cáillín. I lár na 60í thosaigh foireann pharóiste Chloch na Rón ag cur foireann chun páirce faoi stiúr Michael John Ferron, Peter Veldon agus Seamus O' Donnell. Thit sin ó chéile agus chuaigh imreoirí an cheantar ag imirt le foirne éagsúla ar nós Rinn Mhaoile, An Chlochán agus Cárna.

Idir 1982 agus 1985 bhí foireann pile Naomh Conal sa gceantar agus d'eirigh leo dhul chomh fada le dhá chluiche ceannais an Iarthar. Iad siúd a bhí lárnach sa gcumann bhí Michael & Páraic Ó Clochartaigh, Tom Conneely, Paddy O 'Donnell, Owen Nee, Máirtín Nee, Seamus O'Donnell, Paddy Keaney, Josie Lee, Tom King, Joe King. Théis an obair a deanadh bhí easpa imreóirí ag goilliúint ar an gcumann.

### An Comhnascadh

De bharr an ganntann mhór imreóirí ar an gCaiseal agus I gCárna socraiodh go ndeanfai comhnascadh. Bhí ré nua le tosnú, ré a bfeicfidh foirne Chárna An Chaisil, (nó Naomh Conal-MacDara mar a tugadh orthu sna blianta tosaigh) ag labhairt taispeántaisí peile i ngrád sóisir B mar a thosaigh siad, go dtí Craobh Sinsir na Gaillimhe sa mblian 2005, in ar chlis orthu ar éigin.

Idir sin agus seo, tá cliú agus cáil bainte amach ag imreóirí Chárna An Chaisil dá gceantar. Ón tús, cuireadh béim mhór ar an aos óg. Sa mblian 1991 bhain an fhoireann fe16 Craobh agus Sraith an Iarthar, agus an Chondae, agus b'iad na leaids seo, agus na fir a bhain craobh an Iarthar fe21 i 1996, bunchloch agus cnámh droma na foirne buacacha le linn blianta rathula ó 1996 ar aghaidh.

Bhí Cárna Caiseal ag imirt i ngrád sóisear B go dtí 1986 nuair d'eirigh leo árdú céime go Sóisear A a fháil. Bhí mar sin go dtí 1996 nuair a deirigh leo Baile Locha Riach a bhualadh i gcluiche Ceannais Sóisir na Gaillimhe. Bhí an bhrionglóid ag tonsaí.

Faoin ám seo bhí an caighdeán peile a bhí á imirt ag aos óg Chárna Caiseal árdaithe go mór, ach bhí sprioc eile ag na fir óga seo agus a lucht banistíochta, agus ar lá stairiúil ar an Fháirche mí na Nollaig 2002, bhuail siad Seamróga Chortún le an aon chúilín, bua a chiallaigh go raibh grád na sinsear bainte amach. Níor chóir dearmad a dhéanamh gur bhain an fhoireann seo deireadh seachtaine Comortas na Gaeltacha amach sa mblian 2004 i nGleann Cholm Cille.

Is stair amach agus amach an chuid eile, agus le clabhsúr a chuir ar chuile ní, d'éirigh leo dhul chomh fada le Craobh an Chontae i gcoinne Bóthar na Trá sa mblian 2005. Chlis orthu ar éigin. Dí-chailliódh iad freisin sa mblian sin, ach bhí a gcuid tugtha ag na h-imreoirí seo.

Ó shin i leith tá foireann nua curtha le chéile, agus muid ag súil árdú céime go grád na sinsear a bhaint amach go luath.

Bhain Micheál Ó Clochartaigh bonn uile Éirinn amach le Gaillimh i 1998, agus bhain Niall Ó Cadhain bonn uile Éireann fe 21 chomh maith i 2005, agus tá Niall

ROSG

An Spidéal, Co. na Gaillimhe

**Fón: (091) 553 951**
**Faics: (091) 558 491**
**E-phost: eolas@rosg.ie**
**www.rosg.ie**

*Go n-éirí go geal leis an gComórtas Peile.*





anois ag imirt le foireann sinsear an chontae.

Guíonn muid uilig anseo in Iorras Aithneach agus ar an gCaiseal chuile rath ar an gcomórtas ar leith seo, agus muid cinnte go n'éireoidh go geal lenár gcomharsannaí ar an taobh eile do abhainn an Inbhear Mór, Cumann Peile na bPiarsach, agus an fhéile peile agus cultúrtha seo dá réachtáil acú.

1 Donal Ó Dubhda
2 Éamonn Ó Cuinneáin
3 Val Ó Feinidh
4 Cillín Ó Coirbín
5 Seán Ó Cillín
6 Niall Ó Cadhain
7 Micheál Ó Coirbín
8 Colm Ó Luideáin
9 Marcus MacFhlanncha
10 Seosamh Seoige
11 Séamus Ó Clochartaigh
12 Seán Seosamh Ó Currín
13 Colman Ó Maoilchiaráin
14 Micheál Ó Cathasaigh
15 Colm Ó Dubháin
16 Donal Mac Donnacha
17 Donal Ó Súilléabháin
18 Micheál Ó Clochartaigh
19 Séamus Ó Flatharta
20 Seán Ó Cathasaigh
21 Ronán Ó Cualáin
22 Seosamh Ó Cathasaigh
23 Val Ó Maoilchiaráin
24 Daniel Ó Conaire
25 MacDara Breathnach

CONNEMARA
**GOLF CLUB**
Ballyconneely, Clifden, Co. Galway.

Club House Secretary Manager
Phone: (095) 23502/23602
Fax: (095) 23662
e-mail: links@iol.ie

Indreabhán
Co. na Gaillimhe
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303
R-phost: sales@socos.ie

Socos teo




Guíonn Socos Teo gach rath ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2009.



iontach an lá sin don chlub. Bhain siad an Craobh arís i 1985 agus i 1989 agus bualadh orthu ins na cluiche ceannais i 1982, 1987 agus 1988. Bhain siad Srath Sinsir an Chontae i 1981, 1982, 1983, 1984 agus 1987. I gComórtaisi Peile na Gaeltachta bhain siad an Craobh Contae agus an Chraobh Náisiúnta Sinsir i 1987 agus i 1989 bhain siad an Craobh Sinsir agus an Craobh Soisear Contae agus an Craobh Sinsir agus Soisear Náisiúnta i Gleanncolmcille.

Fósclaíodh an pháirc úr ar 5ú Lúnasa 1984 agus bhí baill an chlub ag ceiliúradh an ócáid stairiúil seo.

Bhain Cill Chartha an Comórtaisí Náisiúnta Peile na Gaeltachta arís i 1990 agus 1991, sé sin trí mbliana anois as a chéile. Bhain an foireann Sinsir Craobh Sinsir an Chontae arís i 1993 nuair a fuair siad an láimh in uachtar ar Na Cealla Beaga agus bhain an foireann Soisear an Craobh comh maith nuair a bhuail siad Gaeil Fhannada ins an cluiche ceannais. I 1998 bhain na Mionúr Craobh an Chontae in aithimirt in éadan Na gCeithre Maistirí. Rinne Aaron Ó hÉigeartaigh éacht an lá sin nuair a scóráil sé ceithre cúl. I 1999 bhain an foireann Sinsir An Craobh Contae de Chomórtaisi peile na Gaeltachta agus bhí deireadh seachtaine thar bharr acu i Rinn Ua gCuanach, Port Láirge.

I 2000 bhain an foireann Sinsir An Craobh Contae de Chomórtaisi peile na Gaeltachta arís agus thug siad a n-aghaidh ar Cill tSéadhna i gContea Maigh Eó. Bhuail Naomh Abán iad sa cluiche cheannais. I 2001 bhain an foireann Soisear Craobh Soisear B and Chontae.

Lé cúpla bliain anuas níl ag éirí go ró-mhaith linn ar pháirc na himeartha ach sa bhlian 2008 tháinig arthaigh ar sin. Bháin an foireann sóisear craobh sóisear an Chontae nuair a fuair siad a lámh uachtar ar naomh Mhuire. Bhí deireadh seachtaine iontacha againn nuair a bhain an foireann Faoi 15 an Crobh an Chontae in éadan Cloichceannfhola Bhí muid iontach bródúil nuair a thóg Pádraig Mac Brairtaigh an Corn don chead uair. Ach ní raibh muid cronaithe mar ar an lá brae samhraigh sin i mPáirc na nGael i nGleanncolmcillle, bhain Cill Chartha an Comórtais Náisiúnta Peile na Gealtachta arís agus thóg na captean Stiopáin Ó Sheabhláin agus Micheal O Lúdog an Chorn amach go dtí Cill Chartha.

Craobh na Sinsir
1925, 1980, 1985, 1989, 1993
Craobh na bFoirne Tacaíochta
1991, 1994
Craobh na Soisear
1971, 1993
Craobh na Soisear B 2001
Craobh faoi-21 1972, 1973, 1974
Craobh faoi-18 1964, 1998
Craobh faoi-14B 1994

Sraith Sinsir
1933, 1935, 1959, 1975, 1979, 1981, 1982, 1983, 1984, 1987
Sraith Roinn 2 1960-2, 1967-8
Sraith na bFoirne Tacaíochta
1991, 1992, 1993
An Sciath Roinn 1
1981-2, 1983-4, 1985-6

Comórtas Peile na Gaeltachta - Náisiúnta - Sinsir
1987, 1989, 1990, 1991, 2008
Soisear 1989

VELOTEC™

Velotec Teoranta
Eadaí Scoile agus Spóirt

Aonad 6, Estáit Thionscail Chasla,
Casla, Co. na Gaillimhe

Fón: (091) 506942
Ríomhphost: info@velotec.ie
www.vteo.ie

*Gach rath ar an gComórtas*

TIGH LIAM
AN CHEATHRÚ RUA
TILES, BLINDS,
PAINT, Dulux
KEY CUTTING,
WOODEN FLOORS
FÓN: 091-595874

L.E. SPÓIRT
adidas NIKE PUMA Reebok
AN CHEATHRÚ RUA
FÓN: 091-869703





# CLG Cill Na Martra

**Dathanna**: Bán agus Gorm

**Oifigigh an Chumainn -**
**Uachtarán**: An tAthair de Brún S.P.
**Cathaoirleach**: Conchubar Ó Murchú
**Leas-Chathaoirleach**: Pádraig Ó Cróinín
**Runaí**: Siobhán Ní Chuana
**Cathaoirleach na nÓg**: Dónal Ó Conaill
**Runaí na nÓg**: Diarmuid Ó Duinnín,
**Cisteoir**: Peadar Ó Cróinín,
**OCP**: Máire Uí Laoire,
**Cláraitheoir**: Gearóid Ó hÉalaithe,

**Teachtaí Boird:**
Dónal Ó Murchú – Bord a' Chontae,
Dónal Ó Croínín – Bord Mhuscraí,
Dónal Ó Conaill – Bord na nÓg Mhuscraí.

**Peileadóirí atá ag imirt**
Nollaig Ó Laoire – Sinsear leis on gContae fé láthair

**Stair Gairid den gCumann**

Tá sé deacair fréamhacha Cumann Peile Cill na Martra a aithint go soiléir ach de réir béaloideas an cheantair bhí tradisiúin peile i gCill na Martra ag dul siar chomh fada leis an naoú h-aois déag. Tráth dá raibh, bhailíodh muíntir na h-áite ar an Domhnach (nó ar aon lá naofa eile) i dtrí shuíomh dhifriúla timpeall an pharóiste chun peil a imirt, chun bheith ag rince agus le haghaidh roinnt craic's ceol. Do leanfadh na h-imeachtaí seo go dtí go mbeadh ar daoine scaipithe arís chun na ba a chrú nó na h-éanlaithe a chothú.

Timpeall na tire bhí an C.L.G. ag déanamh roinnt mhaith dul chun cínn. Bhí an eagraíocht ag forbairt agus ag fás agus bhí ar ghach paróiste táille cláraithe deich scilling (caoga pingin) a íoc chucu chun páirt a ghlacadh i gcomórtaisí oifigiúla.

Sa bhliain 1887 d'imir Cill na Martra in aghaidh Baile na gCroí i bpáirc a bhí suite ar imeall Maigh Chromtha. An uair sin do bhíodh imreoir is fiche ar ghach fhoireann. Cluiche fíor dhian a bhí ann idir an dá fhoireann. Chuaigh Cill na Martra chun tosaigh sa chéad leath le cúl iontach. B'é sin an t-aon scór a tháinig sa chéad leath. Sa tarna leath d'eirigh le Cill na Martra cúl eile a fháil go luath agus cé go bhfuair Baile na gCroí scór níos déanaí sa leath, sciob foireann Chill na Martra an corn. Cuireadh fáilte ollmhór roimh na h-imreóirí nuair a d'fhilleadar ar an gCrois an oiche úd sin. Tá sé soiléir gur bua tabhachtach a bhí ann cé nár chluiche ró shláintiúil a bhí ann dos na h-imreóirí nó dos "na réiteoirí".

Seo thíos ainmneacha seisear déag de na h-imreóirí a bhí páirteach sa chluiche an lá sin:

Donnacha Ó Cróinín, Captaen, Tomás de Brún, Cormac Ó Mocháin, Domhnall Ó hUrdail, Pádraig Ó Cróinín, Diarmuid Ó Céilleachair, Domhnall Ó Duinnín, Mícheal Ó Súilleabháin, Domhnall Mac Cártaigh, donnacha Ó Conaill, Diarmuid Ó Iarlaithe agus Pádraig Ó Buachalla.

*Gach rath ar an gComórtas*
*ó*

# Tí Khitt

Casla,
Co. na Gaillimhe

*Sár-phionta & an-chraic*

**Fón: (091) 506897**

SEÁN Ó CUALÁIN




GARÁISTE &
SEIRBHÍS TARRTHÁLA
OÍCHE IS LÁ
**087 - 6326999**
**091 - 506879**

Cladhnach,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe



24HR RECOVERY / SALES / SERVICE

Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

Ón bhliain 1887 ar aghaidh bhí peil á imirt go neamh rialta i gCill na Martra agus ní raibh mórán dul chun cínn leanúnach á dhéanamh. Deirtear gurb é easpa áiseanna cúis amháin le seo, go mórmhór sna seascaidí agus na seachtóidí, tráth go raibh ana chuid paróistí agus clubanna timpeall na h-áite tar éis páirceanna peile a fhorbairt ina gceantair féin. Ath-bhunaíodh an cumann sa bhliain 1978 agus b'é an toradh ar seo ná gur bhuaigh an cumann an chéad chrobh Mhúscraí, grád B sa bhliain 1985 nuair a fuaireamar an lámh in uachtar ar Chumann Naomh Abán sa chraobh chluiche. Tá cumann bríomhar againn ó shin i leith.

Sroicheadh buaicphointe peile na Roinne Mhúscraí sa bhliain 2002 a bhaineamar amach Craobhchomórtas Mhúscraí Sóisear A don chéad uair riamh, tar éis dúinn na blianta a chaitheamh ag déanamh sár-iarrachtaí. Cuimhneóimid ar an trathnóna sin go deó, agus orthu siúd atá imithe ar shlí na Fírinne, a d'oibrigh go dian ar son an Chumainn ar feadh a saol, Pádraig Ó Cuana, Seán Ó Murchú agus Seán Ó Céilleachair ina measc. Thairis sin, bhuamar an Crobh arís sa bhliain 2003 agus cé nár bhuamar Craobh an Chontae, tá peil idirmheánach á imirt againn ó shin.

Sa bhliain 1991 d'imríodh an chéad chluiche peile ar an bpáirc nua. Sa bhliain 2000, osclaíodh an pháirc "Páirc Uí Chuana" go hoifigiúil in omós do Phádraig Ó Cuana, a fuair bás sa bhliain 1999.

An – onóir ab ea é dár gcumann nuair a reachtáileamar Comortas Peile na Gaeltachta i gCill na Martra sa bhliain 2005. Le linn an chomortais, d'oiscail Iar-Uachtarán C.L.G. Sean Ó Ceallaigh ardáin nua, 'Ardán Uí Siochaín', in omós do Sheán a bhí ina ard stiúrthóir ar C.L.G. tráth.

**Gradaim bainte amch againn i ngrádanna éagsula**

| | |
|---|---|
| Peil Fé 12 | 1999, 2000, 2008, 2009 |
| Peil Fé 13 | 1996, 2003, 2005, 2006 |
| Peil Fé 14 | 1997, 2004 |
| Peil Fé 15 | 2003, 2006 |
| Peil Fé 16 | 1996, 1997, 1998, 2002, 2004, 2008 |
| Craobh an Chontae Fé 16 | 2008 |
| Peil Mionúr | 1998, 1999, 2004, 2005, 2006, 2008 |
| Craobh Mionúr an Chontae | 1999, 2004 |
| Peil Fé 21 | 1998, 2001 |
| Corn Mhúscraí | 1998, 2000 |
| Craobh Mhúscraí | 1985 (B), 2002 (A), 2003 (A) |

Gabhaimid gach ráth ar Chumann na bPiarsach agus ar Chómortas Peile na Gaeltachta 2009.



Ócáidí

bláthanna Chonamara

**Bláthanna do gach ócáid**
**Trádálach, Bainseacha &**
**Socraidí**

*An Spidéal, Co. na Gaillimhe*
*Fón: (091) 553003*

SPAR

*Comhghairdeachas ó*

**SIOPA Ó SÉAGHDHA**

Ros-a-mhíl

**SPAR IS FEARR**

Earraí Grósaera
Feol úr, Ceapairí úr déanta,
Bia te, Tae/Caife, Fíon,
Gual, Briquettes, Gas

**LOTTO**

Malartú airgid, Nuachtáin,
Idirlíon - Broadband,
Fotócopáil, Fax, Stampaí

*Gach rath ar an gComórtas*

*ó*

**Michael Nee**

Ballinafad, Connemara,
Co. Galway

**COACHES & MINI BUSES**
**For All Occasions**

**Teileafón/Faics: (095) 34682**
E-phost: michaelnee@eircom.net

**ARAN MAGIC**

Inis Mór

*"sail in comfort and luxury*
*to an island culture older than time"*

**091-568903**


**After hours number (091 572273)**
**Email:** islandferries@eircom.net
www.aranislandferries.com






Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

# CLG Clann na nGael



**Stair Clann na nGeal**

Is ar an 8ú lá Nollaig 2002 ar tháinig ball "An Ghaeltacht" le cheile chun run a plé comhcheangal a dhéanamh le foireann Áth Buí a bhí san bparoiste cheanna. Glacadh leis an comhcheangal ar moraimh mór os coinn 100 ina bhfabhar 8 ina choinne. Glacadh leis an ainm nua In ómos do na "Gael" a dfreastal agus a chuir a gcuid allas ar shon na foirne agus clubanna difriúil a bhí san bparoiste ón am ar bhunaidh Cumann luth cleas Gael.

Is as na "Gael" sin ar tháinig aos-óg an lae inniu. Tá sé mar príomh spriocanna ag an club nua na:
(A) An Ghaeilge a laidriú in measc áit dúchas an tAthair Eoghan Ó Ghramhnaigh.
(B) An peil agus an iomaint a chur chin i measc na daoine óga.

Tá an club tar éis go leor comortaisí faoi [illegible] a buachaint ó bunú iad. Níor éirigh go maith leo i gComórtas Peil Na Gaeltachta le cúpla bliain ach tá súil againn lá éigin go mbeidh foireann againn sách láidir chun an Comórtas Peile a buachaint.

**Laochra**

Peileadoirí cailiúla eile atá againn ná Graham Mac Oireachtaigh a bhuaigh craobh mionuir i 1990 faoi 21 i 1993 agus freisin atá tar éis dhá bhonn craobh Na hÉireann a bhuachaint 1996 agus 1999. Tá Shane Mac An Aircheannaigh ar phainéal Foireann Sinsear peil Na Mí i mbliana.

**Ainm imreoirí**

1. Darren Ó Gríofa
2. Tomás Mac Concarraige
3. Éamonn Ó Conghaile
4. Darren Ó Ceallaigh
5. Seán Ó Síocháin
6. Alam de Brún
7. Caoimhín Ó Conghaile
8. Brian Ó Dufaigh
9. Seamús Ó Séaghda
10. Seosamh Mac Donnacha

**Óstán An Cheathrú Rua**

Fón: 091 595116

**Tigh Mhaitín**

POST, LOTTO, SIOPA

Fón: 091 595594

**An Chistin,**

An Cheathrú Rua

TEACH SPÓIRT, CEOL & CRAIC,
BIA & DEOCH

Muintir Uí Shé


**Teil: 091 - 595151**






# CLG An Daingean

**Seo a leanas Stair an Chumainn:**



Bunaíodh an chumann in 1891 agus ó shoin i leith tá an cumann gníomhach i ngach comórtas sa Chontae le 38 bonn Uile Éireann ag laochra mar Batt Ó Concubhair a bhuaigh an chéad cheann i 1909. Ó shoin i leith bhí daoine mar Bill Dillon (Captaen Chiarraí) i 1941, Tom 'Gega' Ó Concubhair (Captaen Chiarraí) i 1939 nuair a bhuaigh Ciarraí Craobh na hÉireann ag caitheamh dearg agus bán an Daingin, Paddy Bán Ó Brosnacháin, Seán Ó Brosnacháin agus níos déanaí Tomás Ághas agus alán eile.

Inniu tá traidisiún an Chlub le foireann an Chontae á leanúint ag Diarmuid Ó Murchú agus Tomás Ó Grifín.

Tá sé suimiúil go raibh dhá fhoireann sa Daingean, Sráid Eoin agus na Piarsaigh(!) go dtí gur thángadar le chéile i 1967.

An Dr. Jim Ó Brosnacháin, laoch eile Chiarraí, an chéad chathaoirleach a bhí ar an gclub sa ré nua seo.

Tá an chlub ag forbairt i gcónaí le foirne láidir i ngach grád ó fé 8 suas go foireann sinsearach. Ta páirc na himeartha, Páirc an Ághasaigh, ainmnithe i ndiaidh Laoch mór na staire Tomás Ághas a rugadh i Mineárd, Lios Póil.

Cé go raibh an Daingean páirteach i gComórtas Peile na Gaeltachta cheana mar chuid de rogha Ciarraí Thiar, seo an chéad bhliain dúinn féin cur isteach air mar nach bhfuil stádas sinsearach Contae ag an gClub ach le trí bliain.

**Foireann**

1. Diarmuid Ó Murchú
2. Eoin Ó Concubhair
3. Séamus Ó Céilleachair
4. Seán B Ó Brosnacháin
5. Micheál Ó Slatara
6. Brwandán Ó Céilleachair
7. Pól Mac Muiris
8. Tomás Ó Grifín
9. Colm Ó Muircheartaigh
10. Aodán Ó Néill
11. Micheál Ó Géibheannaigh
12. Dáithí Ó Géibheannaigh
13. Tomás Ó Gáirbhí
14. Dáithí Ó Dubháin
15. Pól Ó Géibheannaigh

# CLG Laochra Loch Lao



**Stair an Chumainn**

Tá stair shaibhir ag an Ghaeilge i mBéal Feirste. Tá an chéad phíosa scríbhneoireachta i nGaeilge bunaithe sa chathair seo. Thosaigh an athbheochan is déanaí breis is 50 bliain ó shin le bunú An Chumann Chluain Ard agus de réir a chéile bunaíodh an chéad Ghaeltacht uirbeach sa tír ar Bhóthar Seoighe agus amach uaidh sin bunaíodh Bunscoil Phobal Feirste. Tá an Ghaeilge ag dul ó neart ó shin agus sa lá atá inniu tá 11 Gaelscoil déag, Meánscoil lán-Ghaeilge amháin, páipéar nuachtáin laethúil, stáisiún Raidió srl... uilig lonnaithe in Iarthar Bhéal Feirste. Mar gheall air seo ar fad, tugadh stádas oifigiúil don cheantar mar Cheathrú Ghaeltachta. Tá oidhreacht shaibhir ag an Chumann Lúthchleas Gael in Iarthar Bhéal Feirste chomh maith, bhí an chéad dhá chumann a bunaíodh i mBéal Feirste ag feidhmiú go huile is go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Bunaíodh Laochra Loch Lao chun deis a thabhairt do lúthchleasaithe Iarthar Bhéal Feirste teacht le chéile agus an dá shuim is mó acu, an Pheil agus an Ghaeilge a chleachtadh agus a fhorbairt faoi aon scáth amháin. Tá muid thar a bheith bródúil as bheith mar ionadaí Bhéal Feirste sa chomórtas iontach seo.

Sa bhliain 2007, don chéad uair riamh i stair Chomórtas Peile na Gaeltachta, i mBéal Átha an Ghaorthaigh i gCo Corcaigh, bhí ionadaí ó Bhéal Feirste, Laochra Loch Lao CLG, páirteach sa chomórtas chun ionadaíocht a thabhairt do Cheathrú Ghaeltachta iarthar Bhéal Feirste agus don chathair araon. Cuireadh amach as an chomórtas muid ag an chluiche ceathrú ceannais agus tharla amhlaidh anuraidh sa Chomórtas i nGleann Cholm Cille ach táimid dóchasach go mbeidh muid sa chluiche ceannais i mbliana i Ros Muc.

**Foireann**

Pádraig Ó Muirigh
Feargal Mac Ionnrachtaigh
Diarmuid Ó hArtagáin
Conor Ó Fionnagáin
Pádraig Mac Cathail
Juistin Ó Loinsigh
Séamus Ó Tuama
Breandán Ó Cionn
Colum Ó Duffin
Rónán Ó Scolláin
Seán Mac Cana
Seán Mac Cathail
Fionntán Mac Gamail
Seán Mac Corraidh
Déaglán de Faoite
Brian Ó Giolláin
Eamonn Mac Manuis
Eoghan Ó Neill
Conchur Mac Cathail
Niall Mac an Lia
Seán Ó Brolcháin
Domhnall Ó Neill
Cónall Ó Ceallaigh
Déaglán Mac Lárnáin

**Bainisteoir**

Micky Culbert

P. & B. Pryce
Ironmongers & General Merchants
PAINTS • HARDWARE • ELECTRICAL TOOLS
GARDENING & HOUSEHOLD GOODS
Galway Road, Clifden, Co. Galway.
Tel.: (095) 22655 Tel./Fax.: (095) 22927
email: pryceshardware@eircom.net
*Go n-éirí an t-ádh libh ag reachtáil an Chomórtas Náisiúnta*

# CLG Lios Póil

Bunaíodh Cumann Peile Lios Póil sa bhliain 1888. Dheineadar éacht nuair a bhaineadar amach an Cluiche Ceannais de Chraobh Shinsireach an Chondae I 1907. B'é an laoch cáiliúil Tomás Ághas traenálaí na fóirne ag an am. Bhuaigh Lios Póil sraith Chiarraí Thiar don gcéad uair i 1929. Bhí an club in ísle bhrí sna triochaidí, daichidí agus caogaidí de harr na himirce. Cuireadh ath-thús leis an gclub ag deireadh na caogaidí agus bhuaigh siad sraith Chiarraí Thiar arís sa bhliain 1967.

D'imigh an club ó neart go neart ina dhiaidh sin. Sa bhliain 1979, taréis sár-obair mhuintir an pharóiste, osclaíodh páirc imeartha, seomraí feistis, pinniúr liathróid láimhe agus ionad pobail I nGarraí na dTor. Chuir sé seo tús le ré órga Lios Póil ar pháirc na himeartha. Idir 1978 agus 1987, fé bhainistíocht Eoin Ó Dubháin, bhuadar Craobh Chiarraí Thiar ocht n-uaire agus an tSraith cúig huaire. Bhuadar Craobh Shóisearach an Chontae chomh maith.

Tá muintir Lios Póil an-bhródúil as na h-imreoirí ar fad a d'imir don gclub, go mórmhór iad siúd a d'imir don gcontae ag gach leibhéal. D'éirigh le Liam Ó Cathasaigh, Liam Ó hUiginn, Seán Ó Muircheartaigh agus Séamas Ó Murchú boinn uile Ēireann a ghnothú sa Chraobh Shinsireach.

'Sé Eoin Ó Dubháin bainisteoir na fóirne arís i mbliana agus is é Uinseann Ó Catháin an traenálaí.. 'Siad Colm Ó hAiniféin agus Deaglán Ó Súilleabháin na roghnóirí. Tá Comortas Peile na Gaeltachta buaite ag Liospóil trí huaire. B'é 2005 an uair deiridh a bhuadar agus beidh tréan-iarracht á dhéanamh againn an Corn a árdú linn arís i mbliana.


Is í Muiríosa Ní Ghrifín ár gCailín Gaelach agus tá súil againn go n-éireoidh go geal léi agus go mbainfidh sí an-taitneamh as an deireadh seachtaine.

Mar fhocal scoir guímid gach rath ar Chumann Peile Na bPiarsaigh agus iad i mbun eagraithe an chomórtais i mbliana.

| | |
|---|---|
| **Dathanna:** | Ór agus Uaine. |
| **Stádas:** | Sóisear agus Roinn 4 Sraith an Chontae. |
| **Páirc:** | Páirc Sheán Baróid. |
| **Uachtarán:** | Mícheál Ó Grifín |
| **Cathaoirleach:** | Colm Ó Murchú. |
| **Leas-Chathaoirleach:** | Seamas Ó Grifín |
| **Cisteoir:** | Bríd Ní Fhlaithimh. |
| **Rúnaí:** | Cáit Ní Ghrifín. |
| **OCP:** | Tadhg Eimhín |
| **Oif. na Gaoluinne:** | Aifric Uí Bhrosnacháin |
| **Bainisteoir:** | Eoin Ó Dubháin |
| **Traenálaí:** | Uinseann Ó Cathain |
| **Roghnóirí:** | Colm Ó hAiniféin, Deaglán Ó Súilleabháin |
| **Captaen na Fóirne:** | Pádraig Ó Súilleabháin |

**Painéal Lios Póil -**

1. Tim Ó Brosnacháin
2. Gearóid Ó Súilleabháin
3. Darren Ó Cearúil
4. Réamonn Ó Grifín
5. Donncha Ó Dubháin
6. Nollaig Ó hUiginn
7. Damien Ó Súilleabháin
8. Ian Ó Brosnacháin
9. Donncha Ó hUiginn
10. Adrian Ó Raoil
11. Seán Ó Deargáin
12. Colm Ó hAiniféin
13. Gearóid Ó Núnáin
14. Eoin Ó Cinnéide
15. Cathal Ó Súilleabháin
16. Ciarán Ó Súilleabháin
17. Micheál Jim Mac Gearailt
18. Deagláin Ó Grifín
19. Pól Eimhín
20. Micheál Ó Cinnéide
21. Breandán Ó hAiniféin
22. Tomás De Baróid
23. Seán Ó Brosnacháin
24. Dáithí De Baróid
25. Pádraig Ó Súilleabháin(Captaen)

An Port
BIALANN ~ RESTAURANT

Is maith an t-anlann an t-ocras
*Hunger is a good sauce*
*(irish proverb)*
**Fón: 091 506767**
Ros an Mhíl, Co. na Gaillimh

*Comhghairdeas agus deá ghuí ó*
**KINGS BAR**
Roundstone, Co. Galway
Máire Nic An Ríogh
**Fón: (095) 35897**
*Gach rath oraibh!*

# Cumann Peile Moindearg



**Stair an Chumainn:**
Bhí CLG Moindearg bunaithe i 1973. Thosaigh an cumann mar chumann iomanaíochta ar dtús ach ní raibh sé i bhfad sula dtug siad aghaidh ar an pheil. Bhí an bua acu ins an gcorn sóisearach i 1978. Taobh istigh go dhá bhliain, bhí an bua ag an gcumann ins an ngradam idirmheánach. Ansin, bhain an cumann an cháil is airde i Londain amach i 1984 nuair a bhí an bua acu ins an ngradam sinsearach. Buaileadh Moindearg sa gcluiche ceannais an bhliain dár gcionn ach bhain siad an ceann is fearr amach sa sraith sinsearach. Bhíodar an-láidir ag an am seo agus dá bhrí sin d'imigh formhór acu go dtí an South and O' Hanlons a thóg páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta go minic. In sna '90aidí, agus leis an méid imreoirí ag teacht go Londain ag laighdú agus go leor daoine ag filleadh abhaile, tháinig Moindearg agus na Souths le chéile arís. Ó tharla sé go raibh formhór de na Souths agus Moindearg as Conamara, thug said aghaidh ar an gcomórtas peile na Gaeltachta arís. Ní raibh stop leis an chuairt go dtí an comórtas ó shin, agus tá an cumann an-bhrodúil as ucht foireanna thabhairt go dtí an comórtas arís i mbliana agus an-bhuíoch as an fáilte a bhíonn ann rompú. Tá an cumann uilig ag súil an-taithneamh a bhaint as an gcomórtas arís i mbliana i Ros Muc.

| | |
|---|---|
| **Dathanna:** | Maroon agus Bán |
| **Ceantar:** | Londain |
| **Condae:** | Londain |
| **Bainisteoir:** | Maitiú O' Meachair (Tiobraid Árainn) |
| **Roghnóirí:** | Michael Mac Manus (Fermanach), Michael O' Gionnain (Béal a' Daingean, Gaillimh), Maitiú O' Meachair (Tiobraid Árainn). |

**OIFIGIGH AN FHOIREANN -**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach:** | Michael Mac Manus (Fermanach) |
| **Cisteoir:** | Niall O Shea (Cill Chuinnigh) |
| **Rúnaí:** | Maitiú O' Meachair (Tiobraid Árainn) |
| **Traenálaí:** | Deaglán O'Guineau (Corcaigh) |
| **Oif. Gaeilge:** | Paulie Ó Mainín (Ros Muc). |

**AN PAINÉAL -**

1. Paulie Ó Mainín, Ros Muc (Caiptín)
2. Nollaig Ó Riobún, Rinn Mhaoile
3. Seán Ó Flatharta, Carna
4. Seán Ó Mainnín, Clochán
5. Darragh Little, Clochán
6. Daithí Ó Laoi, Gaillimh
7. Daithí Ó Hogáin, Gaillimh
8. Conor Ó Conghaile, Rinn Mhaoile
9. Niall Ó Shea, Cill Chainnaigh
10. Baragh Mac Duff, Fermanach
11. Chriostóir O' Morcha, An Mhí
12. Conaigh O' Cummin, Corcaigh
13. Liam Ó Ceannabháin, Luimneach
14. Peadar O' Baoile, Muineachán
15. Liam Mac Giolla Easpaig, An Mhí
16. Tomás Gorlaigh, Sligeach
17. Seosamh Mac Suimhne, Sligeach
18. Rory O' Briain, An Clár
19. Shane Ó Briain, An Clár
20. Daithí Ó Baxtair, Dún na nGall
21. Oliver Ó Plunkett, An Iar-Mhí
22. Liam Mac Hennenberry, Ros Comáin
23. Dónal Mac Giolla Bhríde, Dún na nGall
24. Cathal Breathnach, Átha Cliath
25. Sean Iver, Maigh Eo
26. Stiofán Fox, Corcaigh
27. Andrew O' Herliby, Corcaigh
28. Crochúir McCarthy, Corcaigh
29. Michael Quillingen
30. John Joe Sheedy
31. Séamus Ó Catháin
32. Tomás Twomey

*Gach rath ar an gComórtas*

*ó*

**Adhmad Teo.,**
Casla
Fón: 091-572290

*Gach dea ghuí ar an gComórtas*

*ó*

**Peadar Óg**
Cladhnach, An Cheathrú Rua
Fón: 087-2323708
e-phost: meabh@gaelic.ie

# CLG Na Dúnaibh



**Stair an chumann:**
Bunaíodh Fó-Chumann Na nDúnaibh sa mbliain 1937. Ba foireann sóisear a bhí againn suas go dtí 1948, an chéad bhliain a bhain muid Craobh Peile na Contae. Chuir muid foireann sinsir na páirce i 1949 ach bhí muid sóisear arís i 1950.

Thit an Fó-Chumann as a chéile idir na blianta 1951-1954, le cibé peileadóir a bhí againn ag imirt dá gcomharsanaigh, foireann An Chraoslaigh.

Athbhunaíodh an Fó-Chumann agus an foireann sóisear i 1954 agus bhain muid Corn Mhic a'Bhaird sa ghrád sin cúig bliana as a chéile (1954 - 1958) agus Craobh Sóisear na Contae i 1957.

Sa mbliain 1965 rinne muid an cleamhnas a ba fhaide a mhair nuair a bhunaigh muid agus leithinis Fhanaide ar an taobh eile de Chaol na Maolruaidhe foireann Gheail na Maolruaidhe. Ní raibh de thoradh ar an gcleamhnas seo ach Craobh sóisear na Contae i 1968.

Bhí a sáigh den chónscaid agus den choiscaradh feichte ag Na Dúnaibh faoi seo, agus sa mbliain 1977 chuaigh muid sóisear leo féin arís. Bhain muid an Chraobh an bhliain céanna. I 1981 bhain muid Comórtas Peile Sóisear na Gaeltachta i dTír Chonaill agus Craobh Idirmhéanach na Contae don chéad uair. Chuir muid lena gcliú go mór nuair a bhain muid Corn Gaeil-Linn i bPáirc Bhreathnach, Indreabhán. I 1982 rinne muid Corn Gaeil-Linn a athcheapú i nGaoth Dobhair i ndhiaidh Cloich Ceannfhaola a bhuaileadh sa chluiche ceannais.

Sa bhliain 1983 bhí foireann sinsir againn arís agus an chead foireann as Na Dúnaibh a bhain Corn Mhic Éitigéan agus b'in an chéad uair riamh a tháinig craobh sinsir arais 'un na paróiste. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin bhain muid Craobh na hÉireann i nGaoth Dobhair, ag fáil láimh an uachtair ar Bhéal an Mhuirthéad, Co. Mhuigh Eo sa chluiche ceannais.





I 1988 agus 1993 bhain muid Craobh Idirmhéanach na Contae agus i 2000 agus 2003 bhain muid Comórtas Peile Sóisear na Contae.

**Painéal Imreóirí CLG Na nDúnaibh**

1. Séan Mac Giolla Choill
2. Colin Ó Gallachóir
3. Caoimhin Mac Aodha
4. Seamas Mac Giolla Bhríde
5. Daithi Hay
6. Aodh Mac Suibhne
7. Seamas Ó Gallachóir
8. Séan Mac Giolla Bhríde
9. Michéal Ó Bródlaigh(M)
10. Seaghan Mac Laifeartaigh
11. Aaron Mac Laifeartaigh
12. Pádraig Mac Rodaigh
13. Eric Mac Roibeard
14. Daireann Mac Grianna
15. Séan Ó Buidhe
16. Dónal Mac Giolla Bhríde
17. Brian Ó Currain
18. Finghian Mac Lāifeartaigh
19. Garrai Mac Laifeartaigh
20. Shea Mac Giolla Choill
21. Peadar Mac Giolla Bhríde
22. Aindrias Ó Conchubhair
23. Seamas Mac Phaidin
24. Ruairi Ó Conchubhair
25. Marcus Ó Currain
26. Brian Ó Buidhe
27. Mairtin Mac Lochlainn
28. Tómas Ó Luodhóg
29. Deaglan Mac Giolla Bhríde
30. Michéal Ó Bródlaigh (P)

top oil
Geraghty's Garage
Carraroe, Co. Galway

Service, Repairs,
Panel Beating

Tel: (091) 595114
Fax: (091) 595087
Mobile: (087) 2517485

SIMI

CLUB DORNÁLAÍOCHTA
CHONAMARA



Oscailte ó
Meán Fómhair go Aibreáin

Gach eolas ó
Colman Ó Flatharta
Fón: 087-6548901

*Go n-éirí go geal leis an gComórtas, is leis Na Piarsaigh*

# CLG Tuar Mhic Éadaigh



**Dathanna**: Dubh agus Bán

**Eolas faoin gCumann:**
Bunaíodh C.L.G. Tuar Mhic Éadaigh sa mbliain 1965. Bhídís ag imirt i bpáirc de chuid Máirtín Heaney. D'imríodar a gcéad cluiche craoibhe i gcoinne Acaill ar Lá Bealtaine sa mbliain 1966.

De réir mar a tháinig forbairt ar mhonarcha Gaeltarra Éireann, tháinig daoine ó áiteacha eile sa tír agus bhuadar Craobh Iarthar Mhuigheo sa mbliain 1972. Sa mbliain 1978 bhuadar Comórtas Peile na Gaeltachta sna Sóisir. D'osclaíodh an pháirc nua agus seomraí feistis sa bhliain 1984 agus an seastán nua sa bhliain 2001.

Bhuadar Craobh Ceannais an Chondae agus Connacht sna Soisear sa bhliain 1998. Ba í 2006 an bhliain ba suntasach i gCumann Tuar Mhic Éadaigh mar go bhuadar Craobh Ceannais an Condae agus Connacht san Roinn Idirmheánach. Sa mbliain céanna bhuadar Craobh Seachtar-a-taobh uile Éireann Idirmheánach i mBaile Átha Cliath.

I gcomórtas Peile na Gaeltachta san bhliain dár gcionn theip orthu an Craobh Sinsir a thabhairt leo nuair a bhuail Gaoth Dobhair iad san gcluiche Ceannais le aon phointe amháin.

**Liosta Imreóirí:**
Seán óg de Búrca
Brian Ó hEanacháin
Micheál Seán Breathnach
Antoine Ó Néill
Pádraig Ó hÉanacháin
Marcus Ó hÉanachain
Seán de Búrca
Daithí Ó Priondagaist
Brendán Ó Priondagaist
Micheál Ó Muinacháin
Micheál Ó Néill
Seán Ó hEanacháin
Brian Ó Neachtain (Caiptín)
Seosamh Ó hÉanacháin
Tomás Ó Neachtain
Ciarán Breathnach
Caoimhín Ó Dolán
Adrian Ó Dolán
Micheál Ó Ronán
Dónal Ó Luidáin
Micheál Ó Ceallaigh
Liam Mac Philibín
Máirtín Stundúin
Aodán Mac Diarmada
Micheál Ó Seimhlín
Tomás Stundúin

**Bainistíocht**: Seán Ó Gormaille, Tomás Ó Faoláin agus Colm Ó Conghaile


**Liathróid Láimhe**:
Seán Seoighe agus Seamus Mac Aodha.

Oileáin Árainn

Chuile ádh oraibh agus sibh ag reachtáil An Chomórtas Náisiúnta

ó

**Chumann Peile Oileán Árainn**



Cumann Peile Naomh Anna
Spórtlann Mhichael Mhóir

Máimín, Leitir Móir,
Co. na Gaillimhe

Rataí Ballraíochta:
ó €49

**Giomnaisium le rogha leathan treallamh**

**Seomra Gaile & Sauna**

**Halla mór Spóirt le fáil ar chíos**

**Ranganna Aclaíochta**

**Bodypump, Step Aerobics, Abs Blast**

**Seomra Caitheamh Aimsire & Cluichí, Aois 8-18**

**Uaireannta Oscailte:**
**Luan go hAoine 7r.n.—10i.n.**
**Ar an deire seachtaine 10r.n.—6i.n.**

*Chuile rath ar Chumann Peile na bPiarsach le linn Chomórtas Peile na Gaeltachta ó Chumann Peile Naomh Anna.*

Fón: 091 551961
www.naomhanna.ie R-phost:





# CLG Naomh Anna

Bunaíodh Cumann Peile Naomh Anna i 1964. Roghnaíodh gorm agus bán mar dhathanna an chumainn. Chaith siad na dathanna sin go dtí 1971 nuair a d'athraigh siad na dathanna go dubh agus buí. Le roinnt blianta anuas, tá suaitheantas an chumainn le feiceáil ar pháipéir, ar phóstaeir agus ar gheansaithe an Chumainn. Tá an mana "Misneach, Mórtas agus Muinín" ar an suaitheantas. Is iad gasúir scoile an cheantair a dhear an suaitheantas agus a chum an mana, le cabhair ón Athair Ciarán De Bláca, ó Mhichael Bharry Ó Flatharta agus ón ealaíontóir, Seán Ó Flatharta.

Is iomaí údar ceiliúrtha a bhí ag an gCumann ó bunaíodh é. Ina measc siúd bhí oscailt na páirce i 1974 agus ag imirt i gCorn an Oireachtais i bPáirc an Chrócaigh i 1975. Is iomaí éacht atá déanta ar pháirc na himeartha chomh maith: Craobh Sóisir an Chontae i 1983, Comórtas Peile na Gaeltachta Sóisir i 1987, Craobh Idirmheánach an Chontae i 1995, Craobh Sinsear an Chontae Peil na mBan 1994 agus 1995 agus Craobh Sóisir an Chontae Peil na mBan i 2005 chomh maith le craobhacha an iarthair agus araile sna gráid éagsúla. Is féidir an liosta iomlán a fheiceáil ar shuíomh idirlín an Chumainn.

Tá traidisiún láidir Gaeilge sa Chumann agus tá ról lárnach ag an teanga agus ag an gcultúr ann. Glacann Naomh Anna páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta gach bliain ach ní ar an bpáirc amháin atá clú agus cáil bainte amach ag muintir na nOileán. Bhuaigh mná an Chumainn Comórtas Náisiúnta an Chailín Gaelaigh trí huaire: Mairéad Ní Neachtain as Béal a' Daingin (Béal a' Mhuirthead i 1987), Tríona Ní Ráinne as an Trá Bháin, gariníon le Michael Mór Ó Conghaile, (Béal Átha an Ghaorthaidh i 1991) agus Máire

Áine Ní Iarnáin as an Ros, Leitir Calaidh (Máimín i 2002).

Nuair a bhí Comórtas Peile na Gaeltachta thart i 2002, tógadh an chinneadh gur chóir ionad a bheith ag an gcumann peile do dhaoine óga an cheantair, go mbeadh áit acu le casadh le chéile agus cluichí a imirt dá mbeadh fonn orthu. Socraíodh ansin Ionad Spóirt faoi dhíon a thógáil agus páirc traenála a fhorbairt ar an bpíosa talún a bhí fágtha. Cuireadh tús leis an bpleanáil ansin agus fríthеadh cead pleanála chun an Ionad a thógáil i 2004. Cheadaigh an tAire Éamon Ó Cuív ón Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta deontas de €1.7 milliún agus cuireadh tús le crannchur teoranta do 1500 duine chun an fuílleach a bhailiú. Bailíodh os cionn €100,000 ar an gcrannchur seo. Cuireadh tús leis an obair thógála i mí Aibreáin 2005. D'oscail an tionad Spórt ar an 9 Meitheamh 2007 ar chostas iomlán do Euro 2 mhilliún agus muintir an cheantair ag baint sásamh as na háiseanna go léir ó shin a leith.

Tá láidreacht Chumann Lúthchleas Gael ag brath ar mhuintir na háite i ngach paróiste ar fud na tíre. Ceann de na rudaí is mó a deirtear le baill Naomh Anna agus iad ag taisteal an chontae agus na tíre ná chomh maith agus a thacaíonn muintir na nOileán leis an gCumann Peile. Táimid ar cheann de na Cumainn is fearr sa tír anois ó thaobh áiseanna de agus tá a bhuíochas sin ag dul do mhuintir na nOileán agus dár gcairde sna ceantair máguaird. Is ceantar é a bhí buailte ag an imirce sna blianta siar ach tá tacaíocht fós ag teacht ó na daoine sin a thug a n-aghaidh ar Chicago, Boston, Londain agus ar fud na cruinne ar thóir oibre. Tá an Lotto ar siúl anois ó 1993 ach táthar fós ag brath ar lucht gnó an cheantair chun cuidiú leis an gCumann. Thug siad tacaíocht sna blianta siar nuair nach raibh airgead fairsing ag aon duine agus tá siad fós ag tacú leis an gCumann, ár mbuíochas do lucht gnó na háite.

**SEO LEANAS COISTE CHUMANN PEILE NAOMH ANNA 2009:-**

**Uachtarán**: Michael Tom Ó Cualáin
**Leasuachtarán**:
Cóilín Phateen Ó Conghaile
**Cathaoirleach**: Caoimhín Ó Fátharta
**Leaschathaoirleach**:
Pádraic Ó Ráighne
**Rúnaí**: Máirtín Ó Meachair
**Rúnaí Cúnta**:
Michael Paul Ó Ceallaigh
**Cisteoir**: Gearóid Ó Cualáin
**Leaschisteoir**: Bríd Nic Dhonncha
**OCP**: Pádraig Ó Ráighne
**Oifigeach Gaeilge**: Edel DePaor
**Oifigeach Coachála**:
Philomena Ní Fhlatharta
**Oifigeach Óige**:
Patrick Stephen Ó Flatharta





**Coiste Gnó**:
Colm an Doirín Mac Donnacha,
Cáit Mhic Dhonnacha,
Eoin Ó Conghaile,
Peadar Ó Súilleabháin,
Pádraig Ó Heidhin,
Áine Uí Mháille,
Gearóid Mac Donnacha

**Cruinnithe an Bhord Peile**:
Tony Ó Laoi

**Cruinnithe Bord an Iarthar**:
Máirtín Ó Meachair

**Cruinnithe Choiste Peile na nÓg**:
Joe Thomas Ó Flatharta

**FOIREANN NAOMH ANNA:**

1. Eoin Ó Conghaile
2. Colin Ó Hogáin
3. Ciaran Mac Donnchadha
4. Patsy Seoige
5. Micheal Pól Ó Ceallaigh
6. Ciarán Bairéad
7. Tomás Ó Gríofa
8. Criostóir Ó Flatharta
9. Antaine Toto Ó Gríofa
10. Marcus Ó Fatharta
11. Fiachra Breathnach
12. Pádraig Marc Ó Fatharta
13. Ferdia Breathnach
14. Pádraig S. Ó Ceallaigh
15. Daithí Mac Donnchadha
16. Stiofán Ó Baille
17. Padraic Mac Con Rí
18. Colm Tan Ó Conghaile
19. Seosamh Seoige
20. Cormac Ó Conghaile
21. Ciarán Óg Ó Flatharta
22. Seán Breathnach
23. Míchéal Ó Cadhain
24. Deaglan Ó Cathain
25. Colm Mac Donnchadha
26. Tomás Gamble
27. Pádraig Ó Máille
28. Tomás Ó Murchú
29. Sean Ó Cuinn
30. Pádraig Mac Eochagain

Ar deireadh ba mhaith le Cumann Peile Naomh Anna, Leitir Móir gach rath a chuir ar Chumann Peile na bPiarsach, Ros Muc agus iad i mbun reachtála ar Chomórtas Peile na Gaeltachta 2009 agus cá bhfios nach mbeadh an corn Sinsir ag tabhairt aghaidh síos ar Leitir Móir agus ar Cheantar na nOileán don chéad uair ariamh i mbliana!

**Tá breis eolais faoi Chumann Peile Naomh Anna le fáil ar an suíomh www.naomhanna.ie**


Adrian Ó Coinceanainn


Aonghus Ó hIarnáin


Máirtín Stiofán(Seoighe)


Tomás Seoighe


Rónán Ó Flátharta


Cillian Seoighe


Máirtín Celine(Seoighe)


Eoghan Póil


Uinsean Ó hIarn áin


Peadar Éanna Seoighe


Eoin de Blácam


Adam Clarke


Mairtín Mhaggie(Seoighe)


Stiofán Ó hIarnáin


Aonghus Ó hAlmhain


Ciarán Ó Foghlú


Padraic Éanna Ó hIarnáin


Micheál Gearóid Ó hIarnáin


Micheál Seoighe


Seán Éanna Searraigh


Pádraic Grace Ó Flatharta


Criostóir Ó Ceallaigh


Antoine Ó Coistealbha


Billi Ó Gilliún







# CLG Oileáin Árainn

Tá peil a imirt i Árainn le fada an lá, agus foirne ag oileáin éagsúila ag imirt i sraith sóisear na Gaillimhe tríd na blianta,ach is ó 1995 a tháinig na trí oileáin le chéile mar chumann peile Oileáin Árainn.

Is i seo an triú bliain i ndiaidh a chéile ag Oileáin Árainn an comóratas sóisear a gnóthaigh i gConamara. I 2007 chuaigh said go dtí an cluiche leath cheannais náisiúnta, áit ar bhuail Naomh Mhuire as Dún na nGall iad, agus anuraigh bhuail Moindearg as Sasana iad sa chluiche ceathrú cheannais.

Tá foirne fir, sóisear A agus C, chomh maith le foireann mná agus foirne faoi aois ag an gcumann. I mbliana is é Pádraig (Rico) Seoighe as Rós Muc ata ina bhainisteoir ar an bhforeann, agus mar roghnóirí aige tá Tony Ó Giollain, Seosamh Seoighe agus Eoghan Poil.

**Painéal Oileáin Árainn:-**

1. Adam Ó Cléirigh
2. Adrian Ó Coinceanainn
3. Aonghus Ó hAlmhain
4. Aonghus Ó hIarnáin
5. Liam Ó Giolláin
6. Ronán Ó Flatharta
7. Cillian Seoighe
8. Dara Ó Flatharta
9. Eoghan Póil
10. Eoin de Blácam
11. Ciarán Ó Foghlú
12. Pádraig Ó Fatharta
13. Tomás MacDonncha
14. Mairtín Mhaggie Seoighe
15. Mairtín Celine Seoighe
16. Mairtín Stiofán Seoighe
17. Micheál Seoighe
18. Micheál Ó Flatharta
19. Mickey Gearóid Ó hIarnáin
20. Páraic Éanna Ó hIarnáin
21. Peadar Éanna Seoighe
22. Stiofán Ó hIarnáin
23. Tomás Seoighe
24. Uinseann MacCarthainn
25. Antoine Ó Coistealbha
26. Cillian Ó Conghaile
27. Antoine Ó Giolláin
28. Seán Aonghus Searraigh

**Bainisteoir:** Páraic Seoighe
**Roghnóirí:** Seosamh Seoighe
Antoine Ó Giolláin
Eoghan Póil

# G Chló

Eastát Cheathrú Rua

SEIRBHÍSÍ CLÓ & CEANGAL

**Fón 091 595600 / 087 2206626**

Ríomhphost ogp@eircom.net






# Scríbhneoirí Ros Muc

Pádraig Mac Piarais 1869-1916. Chaith an Piarsach tréimhse fada i Ros Muc. Tá rian na háite seo le feiceál ina chuid gearrscéalta mar shampla Eoghainín na n-éan, Na Bóithre & go leor eile.



Sean Phádraic Ó Conaire

Pádraic Ó Conaire 1882-1928. Tá cáil ar Ó Conaire de bharr a chuid scríobh i sean & nua litríocht na Gaeilge. Tá lear mór scríofa aige ina measc an leabhar 'Deoraíocht'.

Colm Ó Gaora 1887-1954. Bhí baint aige le bunú 'An Stoc' páipéar Gaeilge míosúil Chonnacht. D'oibrigh sé do Chonradh na Gaeilge mar thimire Gaeilge. I measc a chuid ábhair tá an leabhar 'Mise'.



Caitlín Maude

Pádraig Óg Ó Conaire 1893-1971. Fuair sé scolaireacht le dul go Scoil Éanna, scoil a bhunaigh P. Mac Piarais i Ráth Fearnáin. Bhí sé ina aistritheoir i dTeach Laighean. Bhí a chuid scríbhneoireacht mar foinse luachmhar ar an saol a chaith muintir Chonamara lena linn.

Criostóir Mac Aonghusa 1905-1991. B'as Uíbh Fhailí dó. Bhí sé ina mhúinteoir scoile in Inis Treabhair agus níos déanaí ina phríomhoide i Ros Muc. I measc a chuid obair tá 'An Cladóir agus scéalta Eile'.


Caitlín Maude 1941-1982. Bhí conaí uirthi i gCill Bhriocán anseo i Ros Muc. Bhain sí cáil amach de féin mar fhile, mar amhránaí go háirithe ar an sean-nós agus bhí baint aici le Cearta Siabhalta na Gaeltachta agus le gluaiseacht na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. I measc a saothaor tá 'An Triail'.



Proinsias Mac Aonghusa

Proinsias Mac Aonghusa 1933-2003. Mac é le Criostóir. Bhí sé ina chathaoirleach ar Bord na Gaeilge agus ina Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge. I measc a chuid shaothar tá 'Ros Muc agus Cogadh na Saoirse'.

Comhghairdeas agus gach rath
ar Chumann Peile na bPiarsaigh
ó




**Councillor Josie Conneely**

Ballyconneely, Connemara
Tel: 087 9528808







# CLG Ban na bPiarsaigh




Sa mbliain 1996 a bunaíodh Cumann peile Ban na bPiarsach. Is le cúnamh ó Dhiarmaid Ó Mainín as Ros Muc agus Coleman Ó Flatharta as Camus a d'eascraigh an foireann peile. Cé nár chleacht formhór na mná peil riamh cheana, is gearr go raibh sodar faoi chosa na gcailíní i bpáirc Chill Bhriocáin agus gach dara béic á ligean ag Diarmaid agus Coleman - *'Lap amhain eile a chailíní agus beidh libh'* – a deireadh siad, agus ár gcroíthe ag preabadh le gach soicind a d'imigh thart. D'imigh cupla seachtain thart agus corr chluiche imrithe ann. Cé nár éirigh go ró-mhaith linn níor cháill muid misneach riamh.

I 2001 roghnaíodh Proinnsias Ó Máille, Liam Ó Nia agus Paddy Ó Mainnín chun muid a thraenáil, agus b'iad a thug chuile chúnamh agus tacaíocht dúinn le linn a dtréimhse. D'éirigh linn Buanchorn Choiléar an Bhreathnaigh a bhuachain an bhliain sin i gcoinne an Spidéil. Ach mar a deir an seanfhocal 'ní neart go cur le chéile' agus uaidh sin lean muid orainn ag traenáil s gCrannóg i Ros Muc i rith an Gheimhridh. Ar an 26 Aibreán 2002 osclaíodh páirc peile nua as an bpíosa ar shuíomh an Ghoirt Mhóir, agus ní féidir a shéanadh nach páirc bhreá í, a bhfuil radharc bhreá uaithi. Cnoc Mordáin siar uait, Loch Eiliúrach amach uait agus Teach an Phiarsaigh ag seasamh go breá os a chomhair amach. Anois, má bhí gan-ntanas imreoirí orainn, gan dabht ní raibh easpa spáis orainn!

Tús an earraigh thosaigh Proinnsias Ó Máille á dtraenáil arís. De réir a chéile a thógtar na caisleán, agus is de réir a chéile a láidre is a neartaigh ár bhfoireann peile. Ní tharlódh seo dár ndóigh gan obair chrua Phroinnsias agus a chomhleacaigh Breandán Ó Conámha, Johnny Ó Maoilchiaráin & Matt Corbett a chaith a gcuid ama á dtraenáil agus á spreagadh. Tá an-suim ag formhór na gcailíní sa pheil agus mar thoradh ar easpa daonra i gceantar Ros Muc féin, is éacht é go bhfuil foireann peile ag cailíní na háite.

Tá Proinnsias Ó Máille á dtraenáil arís i mbliana le cúnamh Stiofán Ó Fátharta. Ár mbuíochas freisin do choiste Páirce na bPiarsach a chuireann áiseanna breá ar fáil dhuinn. Tá muid ag déanamh go maith le blianta beaga anuas.

Tá foireann faoi aois againn ó 2003 agus ghlac an cumann páirt i Féile na n-Óg an bhlian céana.
Bhua foireann sóisir B Craobh Chonamara i 2003 & 2004.
Chuaigh muid chuig Craobh an Chontae faoi dhó.
Bhua an foireann faoi 15biain Craobh Chonamara i 2006.
Tá cupla cailín a bhí agus atá ar fhoireann an Chontae:
Sinéad Ní Mhaolchiarán – faoi 16 i 2003 & sóisear i 2005.
Síle Ní Shuilleabháin – faoi 14 i 2007, 2008, 2009.
·Aisling Corbett – Sóisear 2005
Ailidh Ní Chonaire – faoi 14 i 2008
Meabdh Ní Mhainín - faoi 16 i 2008

Bhí Áine agus Mairéad Bhreathnach ar fhoireann Chonamara le Paul Gannon a chuaigh go dtí Craobh Chonnacht i 2008
Faoi láthair tá Áine Bhreathnach i mbun foireann faoi 17bliain.

Tá Angela Ní Fhlatharta & Michael (Jacky) Breathnach i mbun foireann faoi 12bliain.

Tá Ciarán (Tom) Ó Conaire i mbun cailíní & buachaillí faoi 10mbliana

**Painéal Cumann Ban na bPiarsaigh -**

1. Áine Bhreathnach
2. Aidín Esselmont
3. Sally Lee
4. Bridie Uí Chnámha
5. Meadhb Ní Mhainín
6. Shannon Ní Fhlatharta
7. Marie Harnett
8. Sinéad Ní Shúilleabháin
9. Mairéad Breathnach
10. Angela Seoige
11. Bríd Ní Mhaoilchiaráin
12. Bríd Bhreathnach
13. Gráinne Ní Neachtain
14. Michelle Ní Neachtain
15. Caitríona Ní Chualáin (Caiptín)
16. Lorraine Nic Dhonnchadha
17. Niamh Ní Shúilleabháin
18. Ailidh Ní Chonaire
19. Angela Ní Fhlatharta
20. Maggie Ní Chonghaile
21. Catherine Ní Fhlatharta
22. Jennifer Nic an Iomaire

**Traenálaí**: Prionsias Ó Máille
**Roghnóir**: Stiofán Ó Fátharta

# CLG Ban Naomh Anna




Bunaíodh Cumann Peil Ban Naomh Anna sa bhliain 1993. Bhí an Cumann páirteach i gcomórtais sa chontae den chéad uair i 1994. D'imir siad a gcéad chluiche in aghaidh Eanach Cuain. Tá cúigear den fhoireann a d'imir an lá udaí ag seasamh an fhóid do Naomh Anna fós, agus diabhal lá aois atá siad a thaispeáint. Bhí blianta meascaithe ag an gCumann ó shin, ach den chuid is mó d'éirigh go maith le foirne ban an Chumainn.

I mbliana tá foireann Sóisir A, foireann faoi 16, foireann faoi 14 agus foireann faoi 11 cláraithe ag an gCumann.

D'imir riar mhaith peileadoirí ón gCumann le foirne an Chontae anuas trí na blianta, go deimhin níl aon bhliain ó bunaíodh an Cumann nach raibh duine nó beirt againn ar fhoireann an Chontae i ngrád éigin.

Tá obair iontach á dhéanamh ag Cóil Ó Ceallaigh le blianta fada chun Peil na mBan a choinneáil ag imeacht i gCeantar na nOiléan. Tá Philomena Ní Fhlatharta, Peadar Ó Suilleabháin, Máirtín Ó Loinsigh, Nóra Uí Cheallaigh, Bairbre Ann Ní Alluráin, Caroline Ní Loideáin, Nóra Ní Ógáin, Máire Ní Chonghaile agus Eileen Ní Eochagáin gníomhach i mbliana ag traenáil foirne an Chumainn.

Tá muid fíor bhródúil a bheith ag imirt i ngrád na sóisir ag Comórtas Peile na Gaeltachta i Rosmuc,

Guímid gach rath ar lucht eagraithe an Chomórtais, "Cumann Peile na bPiarsaigh".

**Foireann Ban Naomh Anna, Leitir Móir. Painéal Sóisir A.**
Baba Seoighe
Marie Ní Chualáin



Comórtas Peile na Gaeltachta Ros Muc 2009

Nóra Ní Ógáin
Barbara Ní Loinsigh
Máire Ní Alluráin
Caroline Ní Loideáin
Cliona Ní Cheallaigh
Niamh Ní Chualáin
Delia Ní Ghriofa
Edel de Paor
Fiona Ní Dhúnáird
Marion Ní Ghriofa
Máire Ní Chonghaile
Orlaith Ní Mheachair
Niamh Nic Leoid
Nóirín Ní Fhlatharta
Sarah Ní Loinsigh
Mairéad Ní Loinsigh
Theresa Ní Chualáin
Theresa Seoighe
Cliona Ní Fhlatharta
Eileen Ní Eochagáin
Niamh Ní Shuilleabháin
Bríd Nic Dhonnacha
Deirdre Seoighe
Máirín Nic Dhonnacha
Philomena Ní Fhlatharta
Siobhán Nic an Ríogh
Josephine Ní Chonghaile
Mairéad Ní Chuanaigh
Aoifáine Ní Laoi
Áine Lee
Orla Ní Donnacha
Anna Ní Cheallaigh
Edel Ní Dhonnacha.


**Bainistíocht**: Cóil Ó Ceallaigh, Bríd Nic Dhonnacha, Peadar Ó Suilleabháin, Máirtín Ó Loinsigh.

Gach rath ar an gComórtas
ó

Seán Ó Cualáin

SONTA TEO

Carna, Co. na Gaillimhe



Foireann Piarsaigh 1994 - Faoi 14




Foireann na Piarsaigh 2002





# Comórtas an Chailín Gaelaigh 2009

## Dé hAoine 30 Bealtaine

Cailíní Gaelaigh ag teacht go Ros Muc, taisteal go dtí an teach lóistín

## Dé Sathairn 31 Bealtaine

| | |
|---|---|
| 10.00 r.n. | Bus ag fágáil an teach lóistín |
| 11.00 - 01.00 i.n. | Turas bád thart ar Loch Coirib agus siúlóid ar Oileán Inis an Ghaill |
| 01.30 i.n. | Lón in 'Cullens at the Cottage' i gCaisleán Ashford |
| 03.00 i.n. | Filleadh ar Pháirc an Phiarsaigh i Ros Muc |
| 03.00 i.n. - | Am saor |
| 10.30 / 11.00 i.n. | Cur i láthair na Cailíní Gaelaigh san Ollphuball |

## Dé Domhnaigh 1 Meitheamh

| | |
|---|---|
| 10.00 r.n. | Bus ag fágáil an teach lóistín |
| 12.00 - 03.00 i.n. | Agallamh leis na moltóirí i gColáiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh |
| 10.30 i.n. - | Agallaimh le Fear an Tí san Ollphubal |

## Dé Luain 2 Meitheamh

| | |
|---|---|
| 11.00 | Aifreann |



## Cailín Gaelach Na Piarsaigh, Ros Muc

**Ailbhe Ní Chonaire** - Tá conaí ar Ailbhe i Ros Muc. Fuair sí a cuid oideachais i S.N Mhuire, Ros Muc agus Coláiste Chroí Mhuire, Spidéal. Chaith sí tréimhse cúig bhliana i mBaile Átha Cliath, áit a fhreastail sí ar Coláiste na Tríonóide agus a d'oibre sí i gCoimisiúin na Rincí Gaelacha & PTSB. D'fhill sí abhaile & tá sí ag obair i Cumas/MFG i Ros Muc, mar Runaí Oifige / Riarthóir Cúnta ó shin. Tá an-suim aici sa spórt go mór mór Peil Ghaelach, go háirithe Gaillimh - áit a bhfuil a colceathar Paul Conroy ag imirt. Tá suim aici i spórt, taisteáil, ceol & damhsa agus ag dul amach lena cuid cairde.



## Cailín Gaelach Laochra Loch Lao

**Róise Nic Corraidh** - Is as iarthar Bhéal Feirste dom. Faoi latháir tá mé ag déanamh staidéir do na Ardléibhéal agus tá sé de mhisneach agam dul go hOllscoil na hÉireann i nGaillimh le staidéir a dhéanamh ar an Gaeilge agus na meáin cumarsáide. Seinnim ar an bhosca ceol, an fhéadóg agus an consairtín agus téim thart ar na féiltí ceoil uilig i rith na bliana ag seinm. Tá dúil agam san fhilíocht fosta agus tá duaiseanna agam ón chomortás clúiteach, Béal Binn. Tacaím go mór le Laochra Loch Lao agus imríonn mo dhéartháir Seán dóibh. Tá súil agam go mbeidh siad ábalta an chomórtas a bhaint i mbliana.



## Cailín Gaelach Ard a'Ratha

Caren Nic Niallais - mac léinn as Loch Fada, Ara a' Rátha.



## Cailín Gaelach Baile an Chaisil

**Aoife Ní Ghíollarnaith** - Táim ocht mbliana déag d'aois. Cónaím i mBaile an Chaisil. Rinne mé an Ard Teist an Samhraidh seo chaite. Thóg mé bliain amach ón scoil agus tá mé ag obair i siopa poitigéara ar feadh bliana agus tá sé ar intinn agam dul ar an ollscoil i ndiaidh an Samhraidh. Le cúnadh Dé rachaidh mé go dtí Baile Atha Cliath ag stáidir i gColáiste Ríoga na Máinlia chun a bheith i mo poitigéir. Tá beirt dhearthaireacha agam agus imríonn an dearthair is sine ar fhoireann Baile an Chaisil, imríonn mo bheirt col ceathar ar an fhoireann chomh maith.







## Cailín Gaelach Lios Póil

**Muiríosa Ní Ghrifín** - Is í Muiríosa cailín gaelach Lios Póil na bliana seo. Tá sí fiche bliain d'aois agus is í an tríú duine clainne de chlann seisear. Is macléinn dlí í in Ollscoil Chorcaí, í díreach críochnaithe leis an tarna bliain. Is duine an-spóirtiúil í agus is aoibhinn léi tabhairt faoi spórt d'aon sórt go háirithe gaothshurfáil.



## Cailín Gaelach Oileán Árainn

**Emer Ní Ghríofa** as Inis Oírr, Oileáin Árainn.

Coláiste: 4 bliana in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, cáilithe mar mhúinteoir Gnó agus Mata.

Bliain ag múineadh i Méanscoil San Nioclás, sa Rinn, agus i gColáiste na Coiribe, Gaillimh le 3 bliana.

Aois – 25 bliain.

Suim i spóirt – peil ghaelach, cispheil agus damhsa.



## Cailín Gaelach Cárna/Caiseal

**Rebecca Taqi** - Is as Cill Chiaráin in Iorras Aithneach do Rebecca agus tá sí ag déanamh staidéar banaltracht in Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus ag obair in Ospidéal Réigiúnach na Gaillimhe. Tá suim aice sa bpeil gaelach agus d'imir sí le Foireann Ban na bPiarsaigh ar feadh tréimhse. Imríonn sí cispheil, tag rugbaí agus is breá leí bheith ag iomraith agus ag snámh. Le deanaí tá sí ag foghlaim damhsa salsa agus b'fhéidir go mbeadh triall aice na steipeanna nua a chleachtadh le linn na deireadh seachtaine i Rosmuc.



## Cailín Gaelach Thir Chonaill

**Róisín Nic Eachmharcaigh** - mac léinn as An Tearmann.

# Na Piarsaigh - Feadh mo chuimhne

**Le Pádraic Ó Gaora**

Cuimhní geala ar fad atá agam ar an am a d'imrinn leis na Piarsaigh agus dea-chuimhne atá agam freisin ar na daoine geanúla, idir imreoirí agus oifigigh, a raibh sé d'ádh orm agus de phribhléid agam iad a bheith mar chomrádaithe agus mar leathbhádóirí agam blianta deireanacha sin na gcaogadaí agus tús na seascaidí.

Murab ionann is inniu, ní mórán eagair a bhí ar chúrsaí peile i gCarna, mo bhaile dúchais sna blianta sin agus an chuid againn a raibh gealladh peile fúinn, leithéidí Éamonn Ó Conghaile, Seosaimh Mac an Rí, Máirtín Ó Uaithnín, MacDara Ó Loideáin, Cóilín Johnnie Ó Cualáin, Pádraic (Packie) Ó Briain, mo dheartháir Cóilín agus mé féin, d'fháiltíodh muid roimh an seans imirt le pé ar bith club sa gcomharsanacht a bhí níos eagraithe ná sinne.

Ní dheachaigh an méid sin amú ar Shagart Paróiste Ros Muc na linne, an tAthair Willie Moran a raibh an oiread eolais aige faoi leads Charna is a gcúlra is a bhí againn féin. Níorbh é an cineál duine é a bhféadfá é a eiteachtáil agus ar aon nós, ó ba aon mhuintir amháin muid féin agus muintir Ros Muc, gan ach Droichead Inbhir dár gcoinneáil ó chéile, d'fháiltíodh muid roimh an gcuireadh imirt le Club na bPiarsach. D'fhéadfaí a rá gur sórt spailpíní peile nó '*mercenaries*' de chineál éigin a bhí ionainn ach ba chuma linn, bhí muid a dhul ag troid ar son Ros Muc amhail is nach raibh d'fhoireann in Éirinn ach foireann na bPiarsach.

Más buan mo chuimhne anois, ní dhearnamar mórán den rath i gComórtas Sóisearach Peile Iarthar na Gaillimhe ina raibh muid rangaithe i rith na mblianta sin a raibh mise ag imirt. B'fhéidir gur bhuaigh muid cluiche nó dhó ach ní shin é le rá nach fonn ná díocas imeartha a chlis orainn nó nár chuir muiid allas na gcnámh ar mhaithe le clú is cáil na bPiarsach.

Más buan mo chuimhne freisin ní raibh ár n-éide catha chomh sprúisiúil, galánta leis an bhfeisteas imeartha atá ar fhoirne thiar ar na saolta seo. Shroich tú páirc na himeartha, más ar an bhFáirche, i Maigh Cuilinn nó in Uachtar Árd é agus do phéire bróga peile leat, stocaí, brístí imeartha a bhí in ainm is a bheith bán agus má bhí an t-ádh ort geansai peile a bheadh b'fhéidir ró-bheag nó i bhfad ró-mhór agat ("hand me downs" mar a déarfá). Ni mheabhraím go raibh aon tseomraí gléasta againn ach oiread ach cromadh faoi chlaí nó faoi thom, caitheamh díot agus caitheamh ort le deifir sula bhfeicfeadh éinne tú, do chuid éadaí Domhnaigh a fhilleadh agus a fhágáil in áit shábháilte. Thugadh muid an pháirc orainn féin agus chuile dhath sa mbotha ceahta feiceálach inár bhfeisteas imeartha ón gcúlbáire go dtí an lántosaí ar chlé – ni raibh aon chaint ar fhir ionaid mar nach raibh a leithéidí i gceist ná ar fáil.

Níor mhó an straidhn a bhíodh orainne ar an bpáirc ná bhíodh ar 'bhainisteoir' na bPiarsach, an tAthair Willie Moran ar an taobhlíne. Chloisfeá i gCeann Mása é ag cur dhe, ag bagairt sna míle murdair ar an réiteoir bocht agus nuair a buaileadh cuthach é, rud a tharlaíodh go minic is go gclisfeadh an Ghaeilge air, chloinfeá liúnna uaidh nach ceart a chur i bprionta, go háithrid is duine dá shéiplínigh ar an bhfoireann linn.

Cluiche amháin a bhfanfaidh a chuimhne liom go deo sea cluiche in aghaidh fhoireann shóisearach an Athar Uí Ghríofa as cathair na Gaillimhe a bhí le himirt ar sheanpháirc Uachtar Áird an Domhnach áithrid sin.

Bhí cónaí orm i mBaile Átha Cliath ag an am, i mBealtaine na bliana 1961, sílim. Chuaigh mé go Gaillimh ar an traen mhoch agus ó ba é an Domhnach é chaithfinn a dhul chuig an aifreann, rud a rinne mé i Mainistir na bProinsiasach ag meán lae agus ó thárla péire bróga peile a bheith faoi m'ascail agam, d'fhan mé ar chúl an tséipéil le bheith amuigh de léim sula bhfeicfeadh éinne aitheantais mé. Chuaigh mé dhá shiúl ansin siar thar an droichead agus thar an ollscoil agus mé ag brath ar mharcaíocht na hordóige le mé a thabhairt an chuid eile den bhealach.



Rogha Chonamara a d'imir an Chlochán (agus a bhuail iad) Lá 'l Pádraig 1959



**1998 Foireann Faoi 14**

**Ar chúl ó chlé:** Criosteoir Ó Súilleabháin (Bainisteoir), Colm Ó Loideáin, Máirtín Seosamh Mac Donnacha, Seosamh Ó Griallais, Micheál Breathnach, Alan Ó Laoi, Pádraig Ó Mainnín, Seán Ó Flátharta, Micheál Ó Súilleabháin, Máirtín Mac Donacha (Bainisteoir), **Chun tosaigh ó chlé:** Máirtín Breathnach, Ann Marie Ní Dhroighneáin, Pádraig de Búrca, Colm Ó Droighneáin, Peadar Ó Conaire, Tomás Ó Griallais, Tomás Seoighe, Micheál Ó Laoi, Máirtín Ó Domhnaill



Foireann Peile na bPiarsaigh 1976

(Ar Chúl: Clé go Deas) Máirtín Mac Donnacha, Pádraig Ó Conaire, Seán Seoighe, Tomás Ó Máille, Seán Ó Conghaile, Seán Ó Conaire, Gearoid Ó Ceannabháin, Stiofán Ó Mainnín

(Chun Tosaigh: Clé go Deas) Padraig Ó Conghaile, Tomás Ó Caisin, Máirtín Ó Griallais, Criostóir Ó Suilleabáin (Captaen), Johnny Ó Flátharta, Michéal Ó Tuathail,, Seamus Ó Máille



**Foireann Buaiteóirí Sraithe an Iarthar 1996**

**Ar chúl (L - R)**: Brian Ó hUiginn, Seán Ó Caomhánaigh, Micheál Ó Flatharta, Cathal Ó Mainnín, Eoghan Ó Naidh, Brendan Seoighe, Padraig Ó Conaire, Sean de Burca, Seán Ó Conaire, Mairtin Ó Mainnín, Caomhin Ó Ceallaigh, Brian Seoighe, Micheál Ó Mainnín **(Roghnathóir)** ...

**Chun Tosaigh (L - R)**: Mairtin Ó Naidh **(Roghnathóir)**, Padraig Ó Conaire, Colman Ó Flatharta, Mairtin Ó Fatharta (Caiptín), Piaras Ó Mainnín, Criostóir Ó Suilleabháin, Diarmuid Ó Mainnín, Cormac Ó Conaire, Uinsionn Ó Maille, Cathal Ó Maille, Seán Mairtín Ó Flatharta, ... Ó Cualáin, Tomás Ó Maille **(Bainisteóir)**.





Ní ró-mhaith a bhí ag éiri liom agus bhí an t-am ag imeacht. Shuígh mé fúm ar an gclaí siar on gCaisleán Nua le mo scíth a ligean agus ag cuimhneamh ar phlean. Scaoil mé leis na barriallacha in mo bhróga peile, cheangail dá chéile iad agus chroch na bróga timpeall mo mhuinníl le go mbeadh fhios ag an saol mór cá raibh na thriall. Theann mé níos cóngaraí do lár an bhóthair. D'oibrigh an plean. Stop Anglia a raibh seisear fir mhóra istigh ann. D'fhiafraigh an tiománaí dhíom cá raibh mo thriall agus mar a bhuailfeadh trua den díthreabhach seo é thoiligh sé mé a scaoileadh ar bord. Ní raibh de chaint sa gcarr as sin go hUachtar Árd ach gurbh olc an mhaise dóibh a bheith ag tabhairt marcaíocht do dhuine den bhfreasúra!

Ba dhóbair nár bhuaigh na Piarsaigh an cluiche sin. Chríochnaigh sé ar chomhscór ach an chuimhne is mó a fhanann liom ón lá sin gur sháraigh mé báireoir óg a bhí ag teacht in inmhe agus a mbeadh cáil mhór air sna blianta a bhí romhainn, uair nó dhó i rith an chluiche. B'shin é Máirtín Newell ach tá faitíos orm go raibh ordú faighte aige an lá sin gan é fhéin a chur ar a bhionda agus comórtas ceannais peile Chonnachta ar ghort an bhaile.

Buaileadh lán ár gcruite orainn san ath-imirt – bualadh chomh mór sin nach gcuimhním gur cuireadh fios go Baile Átha Cliath orm ní ba mhó agus go mb'éigean dom athrú agus mo dhílsecht a thabhairt do Chlub Pheadar Mackens san ard-chathair an chuid eile de mo shaol peile.

Inniu is mé ag dul siar, déanaim iontas den pháirc bhreá imeartha atá ag na Piarsaigh ar an nGort Mór. Is maith an aghaidh ar pheileadóirí óga an pharóiste agus ar a gcuid oifigeach an áis iontach imeartha seo atá acu anois agus go mbaine chuile dhuine riamh acu an oiread sásaimh as a saothar ar son an chluib is a bhain muide as a bheith ag imirt dó an t-achar fada sin blianta ó shin.

Go gcuire Dia an t-ádh ar an gclub agus go mbainfidh sibh sult is sásamh as ceiliúradh an leathchéad bliain a bheith slánaithe aige agus solas na bhflaitheas don chuid sin dár n-imreoirí agus dár n-oifigigh a rinne a gcion ar son an chluib nuair nach raibh páirceanna peile ná deiseanna imeartha chomh maith is atá inniu.

# EOLAS GINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **Uimhir Éigeandála** | **999 / 112** |
| Gardaí Ros Muc | 091 574102 |
| Gardaí Bóthar na Trá | 514720 |
| | |
| Westdoc | 1850 365 000 |
| Ionad Leighis Ros Muc | 091 574107 |
| Cogaslann an Cheathrú Rua | 091 595154 |
| Oifig Fáilte Ireland, Gaillimh | 091 537700 |

## TAISTEAL

| | |
|---|---|
| Heaicní Ros Muc | 087 2962084 |
| Feithín | 087 2347776 |
| Heaicní an Cheathrú Rua | 091 572227 |
| Pádraig McCormaic, An Cheathrú Rua | 087 2974978 |
| Cóilín Ó Conghaile, Leitir Móir | 087 9152754 |
| Tom Geary, Carna | 095 32260 / 087 2249487 |
| Heaicní na Céibhe, An Spidéal | 091 553366 |

## TAISTEAL PHOIBLÍ

| | |
|---|---|
| Bus Éireann | 091 537635 |
| Iarnród Éireann | 091 561444 |

## AMANNA AIFREANN


| | |
|---|---|
| Ros Muc Dé Sathairn: | 7.00 i.n; Domhnach: 9.15 r.n, Aifreann an Chomórtais 11 r.n. |
| Camus Dé Sathairn: | 8.00 i.n; Domhnach: 10.00r.n. |

## INEALL PAS AIRGEAD


Tí Mháille, Ros Muc
Tí Mháirtín Bán, Casla
Tí Dowd, Carna
Tí Tommy Walsh, An Cheathrú Rua








## Mapaí Ceantair Ros Muc & Conamara



## RÉITEOIRÍ

*Seo a leanas na daoine a bhéas i bhfeighl na feadóige do Chomórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta 2009:*

Breandán Ó Conámha
Gearóid Ó Conámha
Proinsias Breathnach
Muiris Mac Gearailt
Pádraig Mac Samhrán
Tómas Ó Nallaigh
Pádraig Feiritéar
Pádraig Ó Clochartaigh
Máirtín Ó Currraoin
Peadar Ó Ceallaigh
Alan Ó Cearra
Sinéad Ní Shuilleabháin

*Míle buíochas dóibh uilig agus na daoine uilig a bhéas ag déanamh maoirseacht don deireadh seachtaine.*

## URRAITHE


*Ba mhian le Cumann Peile an bPiarsaigh buíochas a ghlacadh leis na hurraithe uilig as ucht a gcuid cabhair agus flaithiúlacht. Murach sibh ní bheadh muid in ann an t-éacht mór seo a chuir i gcríoch:*

Udarás na Gaeltachta
Páirc an Chrócaigh
TG4
RTE Raidió na Gaeltachta

Tígh Mháille
Bus Éireann
Comhairle Condae na Gaillimhe
Coiste Gairmoideas Condae na Gaillimhe
Coiste Peile na Gaillimhe
Comhairle Chonnacht
Seosamh Ó Confhaola
Nioclás Ó Conchubhair
Socos Teo.
Coláiste na nOileán
Risteard Ó Cuinn
Lucy Uí Fhátharta
Máire Uí Chualáin
Boluisce
Tí Chlarke
Joyces, Cnoc na Cathrach

*Míle buíochas díobh uilig agus ádh mór oraibh uilig.*





Comhghairdeas & gach rath

ó

# T. Ó Máille Teo.

Rosmuc,

Co. na Gaillimhe

Fón: (091) 574101




**Earraí Grósaera - Crua Earraí**

**Troscán - Ábhar Tithe**

**Éadach**